

Oifig Achomhairc Leasa Shóisialaigh
Tuairisc Bhliantúil 2012



**Tuarascáil an Phríomh-Oifigigh Achomhaire ar ghníomhaíochtaí
an Oifig Achomhaire Leasa Shóisialaigh i 2012**



Ms. Joan Burton T.D.
Aire Coimirce Sóisialaí
Áras Mhic Dhiarmada
Baile Átha Cliath 1.

Meitheamh 2013

A Aire,

De réir fhorálacha alt 308 (1) den Acht um Chomhdhlúthú Leasa Shóisialaigh 2005, cuirim i láthair leis seo tuarascáil ar ghníomhaíochtaí na hOifige Achomhairc Leasa Shóisialaigh maidir leis an mbliain dar críoch an 31 Nollaig 2012.

Is mise, le meas,

Geraldine Gleeson
Príomhoifigeach Achomhairc

Clár

Réamhrá	1
Treochtaí Staitistiúla	2
An Oifig Achomhairc Leasa Shóisialaigh	12
Cruinnithe agus Comhairliú	14
Cúrsaí Eagraíochtúla agus Oibríochtúla	16
Cás-Staidéir	17
Aguisín 1 - Cairt na hEagraíochta	47



OIFIG ACHOMHAIRC LEASA SHÓISIALAIGH
TEACH D'OLIER, SRÁID D'OLIER, B.Á.C 2
Guthán: Locall 1890 74 74 34
Facs: (01) 671 8391
Ríomhphost: swappeals@welfare.ie
www.socialwelfareappeals.ie

RÉAMHRÁ

Na dúshláin a bhí tagtha chun cinn le cúpla bliain anuas, bhí siad fós i réim sa bhliain 2012. Go suntasach, mhéadaigh líon na n-achomharc de 4,243. Ba é an chúis ba mhó leis sin an méadú ar achomhairc maidir leis an Liúntas Leasa Forlíontach tar éis an tSeirbhís Achomhairc Leasa Pobail a bheith comhtháite leis an Oifig Achomhairc Leasa Shóisialaigh.

Ó thaobh acmhainní de, b'éigean dúinn slán a rá le hochtar ball foirne, a chuaigh ar scor, as a gcúnamh dúinn sna blianta 2010 agus 2011, rud a chiallaigh gur cailleadh mórchuid taithí agus acmhainne ag tús na bliana 2012. Lena chois sin, b'éigean cuid mhaith acmhainní a chur i leataobh i gcaitheamh na bliana chun oiliúint a chur ar bhaill foirne nua a ceapadh sna blianta 2011 agus go luath sa bhliain 2012.

Bíodh sin mar atá, b'fhiú go mór na hinfheistíochtaí a rinneadh idir 2010 agus inniu, go háirithe ó thaobh Oifigigh Achomhairc breise a cheapadh agus an chórais oibriúcháin fheabhsaithe a thabhairt isteach toisc gur laghdaigh achair próiseála i gcásanna a chinn Oifigigh Achomhairc de 10.3 seachtaine ar an iomlán d'ainneoin cúrsaí a bheith dúshlánach i gcónaí. Laghdaigh an t-achar próiseála i gcás éisteachtaí ó bhéal de 13 seachtaine agus ní miste a rá gur féidir an laghdú seo ar fad a chur síos do laghdú ar an méid ama a thógann sé cás a phróiseáil san oifig achomhairc féin

Is fíor gur mhéadaigh an t-achar ama le haghaidh cinneadh achomair beagán, de 2.7 seachtain sa bhliain 2012. An chúis leis sin ná gur athchothromaíodh agaí próiseála faoin tsamhail nua idir éisteachtaí ó bhéal agus cinní achomhair. Níl aon chúis ann go ndéanfaí cás a chinneadh níos tapúla le cinneadh achomair ná le héisteacht ó bhéal. Feasta, tá súil againn nach mbeidh níos mó ná idir 6 agus 9 seachtaine de dhifear idir an t-aga próiseála i gcinneadh achomair agus an t-aga próiseála in éisteacht ó bhéal.

Meastar go dtabharfar 6,000 achomharc chun críche sa bhliain 2013 i gcomparáid leis an mbliain 2012 agus go laghdófar na hagaí próiseála tuilleadh sa bhliain 2013.

I dtuarascáil na bliana seo, don chéad uair, gheofar tábla a thaispeánann miondealú d'agaí próiseála de réir scéime idir an t-am a chaith an t-achomharc san oifig achomhairc agus an t-am a caitheadh ag feitheamh ar fhreagra ón Roinn. Tá feabhas tagtha ar agaí próiseála atá faoi smacht na hoifige seo, ach níorbh amhlaidh i gcás an t-am a thógann sé freagra a fháil ón Roinn, tá an t-am sin faoi mar a bhí sé riamh nó níos faide, fiú. Chun dul i ngleic leis sin, rinne an Roinn mórchuid oibre chun feabhas a chur ar na hagaí feithimh sin agus táthar ag súil go mbeidh deireadh leis na riaráistí is mó, go háirithe sna scéimeanna sin inar critéir mhíochaine na critéir cáilíthe, faoi mhí an Mheithimh 2013.

Is eol go rímhaith do m'Oifig go ndéanann ár gcuid oibre difear do chaighdeán beatha daoine aonair agus teaghlach. Cuid den dea-riarachán is ea cinnteoireacht cothrom agus bíonn sé deacair seo a bhaint amach nuair a bhíonn breithiúnas agus léirmhíniú i gceist. Chuige sin, lean m'oifig i mbliana de thréaniarracht a dhéanamh chun achair próiseála a fheabhsú, agus a chinntiú ag an am céanna, go ndéantar cinní cothroma agus go mbíonn siad ar an gcaighdeán is airde is féidir. Tá súil agam, de thoradh ár n-iarrachtaí, go mbeidh muinín ag na daoine sin a mbaineann úsaid as an oifig seo go gcaithfear leo go cothrom agus go neamhspleách.

Táim buíoch d'iarrachtaí na nOifigeach Achomhairc ar fad agus den fhoireann riaracháin as a bheith chomh solúbtha agus tacúil ó cheann ceann na bliana.

Mar fhocal scoir, d'imigh an tUasal Dan Kavanagh, an Leas-Phríomhoifigeach Achomhairc, ar scor ag deireadh mhí na Nollag - ba mhaith liom tréaslú leis as an sár-obair a rinne sé le blianta anuas chun cabhrú leis an tseirbhís achomhairc agus Scor Sona a ghuí air.

Geraldine Gleeson

Meitheamh 2013

Treochtaí Staitistiúla – 2012

Leagtar amach thíos na príomhshonraí staitistiúla don bhliain 2012 i bhfoirm thráchtairéachta agus sa "Chairt Shreafa Oibre" agus sna táblaí a leanann é sin.

Achomhairc a Fuarthas sa bhliain 2012

Rinneadh líon mór achomharc chuig an Oifig Achomharc Leasa Shóisialaigh sa bhliain 2011, faoi mar a rinneadh i mblianta roimhe sin. Fuair an Oifig 35,484 achomharc sa bhliain 2012. B'ionann é sin agus 4,243 de mhéadú ar na 31,241 achomharc a fuarthas sa bhliain 2011 ach i bhfad níos airde ná líon na n-achomharc a d'fhaightí roimh 2009.

Soiléirithe sa bhliain 2012

Le cois an 35,484 achomharc a cláraíodh sa bhliain 2012, fuaireamar chomh maith 3,401 achomharc eile mar ar dhealraigh sé dúinn go m'fhéidir nár thuig an t-achomharcóir go hiomlán an chúis leis an gcinneadh diúltach. Sna cásanna sin, atreoraíodh an litir achomhairc chuig rannóg cuí na Roinne ag iarraidh go soiléireofaí an chúis don achomharcóir. Chuireamar é sin in iúl don achomharcóir agus dúirt leo má bhí siad fós míshásta leis an gcinneadh tar éis shoiléiriú na Roinne a fháil, go bhféadfaidís é a achomharc ansin chuig m'Oifig. I gcaitheamh 2012, níor cláraíodh mar achomhairc fhoirmiúla ina dhiaidh sin ach 700 (21%) den 3,401 cás a aithníodh i dtús báire mar chásanna mar a raibh soiléiriú de dhíth. Meastar gur slí phraiticiúil é sin chun déileáil le hachomhairc mar sin chun nach n-agrófar an próiseas iomlán achomhairc gan chúis.

Cineálacha Achomharc sa bhliain 2012

Mhéadaigh líon na n-achomharc maidir leis an Liúntas Leasa Forlíontach de 74% ar an mbliain 2011.

Mhéadaigh achomhairc i dtaca le Pinsin Míchumais de 109%, i dtaca leis an Liúntas Cúramóra de 21% agus i dtaca le Liúntas Míchumais de 14%. Laghdaigh achomhairc i dtaca le Liúntas Cuardaitheora Poist de 5%, i dtaca le Sochar Breoiteachta de 28% agus i dtaca leis an Liúntas Cúram Baile de 9%.

Ualach oibre don bhliain 2012

Ríomhadh an 52,972 d'ualach oibre de 52,972 achomharc don bhliain 2012 tríd an 35,484 achomharc a fuarthas a shuimiú leis an 17,488 achomharc a bhí ar láimh ag tús na bliana.. Bhí an t-ualach oibre iomlán 2.8% níos airde ná ualach oibre na bliana 2011 de 51,515 cás.

Achomhairc a Tugadh Chun Críche sa bhliain 2012

Thugamar 32,558 achomharc chun críche sa bhliain 2012.

Seo a leanas miondealú ar na hachomhairc a tugadh chun críche:

- Oifigigh Achomhairc (70.6%): Tugadh 22,997 achomharc chun críche ag Oifigigh Achomhairc go hachomair nó tar éis éisteacht ó bhéal (25,390 nó 74.6% sa bhliain 2009),
- Cinntí Athbhreithnithe (22.4%): Tugadh 7,307 achomharc chun críche mar thoradh ar chinntí athbhreithnithe a rinne Oifigigh Bhreithiúnachta sular atreoraíodh na hachomhairc chuig Oifigeach Achomhairc (6,035 nó 17.7% sa bhliain 2011), agus
- Aistarraingthe (7%): Aistarraingíodh 2,254 achomharc nó níor choimeád an t-achomharcóir leo ar chúis éigin eile (2,602 nó 7.7% sa bhliain 2011).

Torthaí Achomharc sa bhliain 2012

Seo a leanas miondealú ar thorthaí an 32,558 achomharc a tugadh chun críche sa bhliain 2012:

- Fabhrach (50.4%): Bhí toradh fabhrach don achomharcóir ar 16,417 de na hachomhairc a tugadh chun críche sa mhéid is gur ceadaíodh iad go hiomlán nó go páirteach nó réitíodh iad le cinneadh athbhreithnithe ag Oifigeach Breithiúnachta i bhfabhar an achomharcóra (48% sa bhliain 2011),
- Neamhfabhrach (42.6%): Dícheadaíodh 13,887 de na hachomhairc a tugadh chun críche, rud a sheas le cinntí na nOifigeach Breithiúnachta. (50.1% sa bhliain 2011), and
- Aistarraingthe (7%): Mar a léiríodh cheana, aistarraingíodh 2,254 de na hachomhairc a tugadh chun críche, nó níor choinnigh an t-achomharcóir leo ar chúis éigin eile (7.7% sa bhliain 2011).

Cinntí a rinne Oifigigh Achomhairc sa bhliain 2012

Seo a leanas miondealú staitistiúil ar thorthaí cinntí a rinne Oifigigh Achomhairc de réir mar ar réitíodh an t-achomharc go hachomair nó le héisteacht ó bhéal.

- Éisteachtaí ó Bhéal (40.3%): Réitíodh 9,267 den 22,997 achomharc a tugadh chun críche sa bhliain 2012 le héisteacht ó bhéal, a raibh toradh fabhrach ar 4,908 (53%) díobh. Sa bhliain 2011 bhí toradh fabhrach ar 48% de na 8,821 cás ar socraíodh iad le héisteacht ó bhéal.
- Cinntí Achomair (59.7%): Réitíodh 13,730 achomharc le cinneadh achomair, a raibh toradh fabhrach ar 4,202 (30.6%) díobh. Sa bhliain 2011 bhí toradh fabhrach ar 24.7% de na hachomhairc a tugadh chun críche le cinneadh achomair.

Achair Próiseála sa bhliain 2012

Le linn 2012 ba é 33.1 seachtain an meán-aga próiseála i gcás na n-achomharc ar fad (32.5 seachtain sa bhliain 2011).

Den 33.1 seachtain ar an meán,

- d'fhéadfaí 17.3 seachtain a chur síos d'obair ar lámh sa Roinn
- d'fhéadfaí 0.9 sheachtain a chur síos do bheith ag feitheamh ar fhreagraí ó achomharcóirí
- D'fhéadfaí 14.9 sheachtain a chur síos do phróisis leanúnacha laistigh den Oifig Achomhairc Leasa Shóisialaigh

Nuair a mhiondealaítear na figiúirí sin de réir chineál an phróisis, ba é 27.8 seachtain an meán-aga feithimh sa bhliain 2012 (25.1 seachtain sa bhliain 2011) i gcás achomharc ar déileáladh leo le cinneadh achomair, agus ba é 39.5 seachtain (52.5 seachtain sa bhliain 2011) an meán-aga chun éisteacht ó bhéal a phróiseáil. Nuair a fhágtar meán-agaí próiseála na n-achomharc sin a athbhreithníodh níos déanaí as an áireamh, laghdaíodh agaí próiseála i gcás gach cineál achomhairc de 10.3 seachtain san iomlán sa bhliain 2012 i gcomparáid leis an mbliain 2011. Laghdaigh an t-aga feithimh ar éisteacht ó bhéal de 13 seachtaine agus an aga le haghaidh cinneadh achomair de 2.7 seachtaine. Tá na meán-agaí feithimh de réir scéime agus próisis leagtha amach i dTábla 6.

Léiríonn an t-am a thógann sé chun achomhairc a thabhairt chun críche gach gné den phróiseas achomhairc, lena n-áirítear:

- aighneacht a lorg ón Roinn maidir le forais an achomhairc,
- tuilleadh measúnachtaí liachta a dhéanann an Roinn i gcásanna áirithe a bhaineann le breoiteacht,
- deis a thabhairt don achomharcóir freagra a thabhairt nó fianaise breise liachta a sholáthar i gcás ina raibh toradh neamhfhabhrach ar mheasúnachtaí liachta eile de chuid na Roinne,
- fiosrú breise ag cigirí leasa shóisialaigh nuair is gá sin agus
- na socraithe a ghabhann le héisteachtaí achomhairc ó bhéal a shocrú nuair is cuí.

Achomhairc de réir Inscne sa bhliain 2012

Léirigh miondealú inscne ar na hachomhairc a fuarthas sa bhliain 2012 gur tháinig 46.9% díobh ó fhir agus 53.1% ó mhná. Ba é an miondealú comhfhreagrach don bhliain 2011 46.3% agus 53.7% faoi seach. Ó thaobh torthaí fabhracha de sa bhliain 2012, thairbhí 49.1% d'fhir agus 51.4% de mhná.

Táblaí staitistiúla:

Tábla 1: Achomhairc a fuarthas agus a tugadh chun críche sa bhliain 2012

Tábla 2: Staitisticí achomhairc 2005 – 2012

Tábla 3: Torthaí ar achomhairc de réir catagóire 2012

Tábla 4: Achomhairc idir lámha idir 31 Nollaig 2005 – 2012


Tábla 5: Staitisticí achomhairc 1992 – 2012

Tábla 6: Agaí próiseála achomharc de réir scéime sa bhliain 2012

Tábla 7: Achomhairc a bhí gan réiteach an 31 Nollaig 2012



Cairt Sreafa Oibre - 2012 (Figiúirí maidir le 2011 idir lúibíní)



Tábla 1: Achomhairc a fuarthas agus a tugadh chun críche sa bhliain 2012

Scéim	Idir Iáimhe 01-Ean-12	Fáltais	Breithiúnachta	Cinneadh Athbhreithnithe	Aistarraingthe	Idir Iáimhe 1- Ean- 13
			Oifigigh Achomhairc	Oifigeach Breithiúnachta		
Pinsean Stáit (Neamhrann)	179	258	216	64	22	135
Pinsean Stáit (Athrú)	22	43	16	8	2	39
Liúntas Réamhscoir	2	-	1	-	-	1
Pinsean Stáit (Ranníocaíoch)	91	128	88	16	9	106
Sochar Breoiteachta	2023	2,653	991	1,283	941	1,461
Pinsean Easláine	1582	4,765	1,465	474	52	4,356
Sochar Páirt-Chumais	0	67	0	0	0	67
Liúntas Míchumais	2958	6,223	4,310	730	111	4,030
Sochar Díobhála Ceirde	363	520	442	65	22	354
Sochar Cóireála	1	3	2	-	1	1
Sochar Cuardaitheora Poist	583	1,289	889	365	99	519
Liúntas Cuardaitheora Poist - Íocaíochtaí	1498	3,050	2,347	725	229	1,247
Liúntas Cuardaitheora Poist - Acmhainn	1866	3,240	2,412	896	276	1,522
Íocaíochtaí Baintrí/Baintrí Fir agus Caomhnóra	79	136	118	16	2	79
Íocaíocht Teaghlach Aontuismitheora	634	947	632	247	116	586
Sochar Máithreachais	20	29	25	3	-	21
Sochar Linbh	603	675	662	189	24	403
Sochar agus Liúntais Cúramóra	1208	2,859	1,671	518	37	1,841
Liúntas Cúram Baile	1385	2,186	1,809	625	24	1,113
Deontas Cúraim Sosa	166	278	192	90	9	153
An Forlíonadh Ioncam Teaghlaigh	104	301	157	88	13	147
Cúnamh Feirme / Iascaireachta	121	271	169	40	22	161
Liúntas Leasa Forlíontach	1833	5,445	4,264	829	230	1,955
Gaolta Dlíte	31	39	23	24	2	21
Inárachais Fostaíochta	136	79	96	12	11	96
Iomláin	17,488	35,484	22,997	7,307	2,254	20,414

Tábla 2: Staitisticí achomharc 2005 – 2012

	2005	2006	2007	2008	2009	2010	2011	2012
Pinsean Stáit (neamhranníocach, Pinsean na nDall	339	413	347	287	340	370	338	258
Pinsean Stáit (Athrú)	35	28	30	15	22	7	29	43
Liúntais Réamhscoir	23	21	11	10	3	2	1	-
Pinsean Stáit (Rann)	126	71	86	87	88	256	106	128
Sochar Breoiteachta	2,742	2,674	2,564	3,597	4,948	5,473	3,659	2,653
Pinsean Easláine	443	446	535	526	642	1,024	2,285	4,765
Sochar Páirt-Chumais	-	-	-	-	-	-	-	67
Liúntas Míchumais	2,392	2,622	2,938	3,522	4,696	4,840	5,472	6,223
Sochar Díobhála Ceirde	434	440	423	409	396	459	356	520
Sochar Cóireála	52	41	17	18	10	8	3	3
Sochar Cuardaitheora Poist	1,243	1,028	1,139	1,358	1,354	1,307	1,286	1,289
Liúntas Cuardaitheora Poist - Íocaíochtaí	2,274	2,375	2,296	2,401	3,179	5,506	3,404	3,050
Liúntas Cuardaitheora Poist - Acmhainn	843	848	903	1,901	3,615	4,050	3,465	3,240
Pinsean Baintrí/Baintrí Fir agus Dílleachtaí	63	62	31	58	69	69	97	136
Íocaíocht Teaghlach Aontuismitheora	1,034	931	701	774	810	1,124	1,079	947
Sochar Máithreachais	16	20	10	15	11	29	42	29
Sochar Linbh	357	236	269	689	1,361	1,051	824	675
Sochar agus Liúntas Cúramóra	586	630	736	1,102	2,098	3,207	2,359	2,859
Liúntas Cúram Baile	0	0	0	0	836	1,858	2,401	2,186
Deontas Cúraim Sosa	206	361	457	319	262	162	303	278
An Forlíonadh Ioncam Teaghlaigh	57	65	92	142	170	227	258	301
Cúnamh Feirme / Iascaireachta	114	71	66	61	137	244	220	271
Liúntas Leasa Forlíontach	327	329	323	437	789	1,020	3,129	5,445
Gaolta Dlite	12	3	9	19	25	16	26	39
Inárachais Fostaíochta	79	85	87	86	102	123	99	79
Iomlán	13,797	13,800	14,070	17,833	25,963	32,432	31,241	35,484

Tábla 3: Torthaí achomharc de réir catagóire sa bhliain 2012

	Ceadaithe	Go páirteach Ceadaithe	DO athbhreithn ithe Cinneadh	Dícheadaithe	Aistarraingthe	Iomlán
Pinsean Stáit (Neamhrann) agus Pinsin na nDall	33 10.9%	23 7.6%	64 21.2%	160 53.0%	22 7.3%	302
Sochar Breoiteachta	325 10.1%	15 0.5%	1,283 39.9%	651 20.2%	941 29.3%	3,215
Pinsean Easláine	1,031 51.8%	4 0.2%	474 23.8%	430 21.6%	52 2.6%	1,991
Liúntas Míchumais	2,114 41.0%	95 1.8%	730 14.2%	2,101 40.8%	111 2.2%	5,151
Sochar Díobhála Ceirde	121 22.9%	47 8.9%	65 12.3%	274 51.8%	22 4.1%	529
Sochar Cuardaitheora Poist	183 13.5%	37 2.7%	365 27.0%	669 49.4%	99 7.4%	1,353
Liúntas Cuardaitheora Poist - Íocaíochtaí	810 24.6%	153 4.6%	725 22.0%	1,384 42.0%	229 6.9%	3,301
Liúntas Cuardaitheora Poist - Acmhainn	395 11.0%	174 4.9%	896 25.0%	1,843 51.4%	276 7.7%	3,584
Pinsin Baintrí/Baintrí Fir agus Íocaíocht Caomhnóra	28 20.6%	5 3.7%	16 11.8%	85 62.5%	2 1.4%	136
Íocaíochtaí Teaghlach Aontuismitheora	171 17.2%	56 5.6%	247 24.8%	405 40.7%	116 11.7%	995
Sochar agus Liúntais Cúramóra	694 31.2%	143 6.4%	518 23.3%	834 37.5%	37 1.6%	2,226
Liúntas Cúram Baile	874 35.6%	29 1.1%	625 25.4%	906 36.9%	24 1.0%	2,458
Deontas Cúraim Sosa	69 23.7%	3 1.0%	90 30.9%	120 41.2%	9 3.2%	291
An Forlíonadh Ioncam Teaghlaigh	33 12.8%	9 3.5%	88 34.1%	115 44.6%	13 5.0%	258
Cúnamh Feirme / Iascaireachta	25 10.8%	31 13.4%	40 17.3%	113 48.9%	22 9.6%	231
Liúntas Leasa Forlíontach	1,017 19.1%	142 2.7%	829 15.6%	3,105 58.3%	230 4.3%	5,323
Inárachais Fostaíochta	8 6.7%	2 1.7%	12 10.1%	86 72.3%	11 9.2%	119
Achomhairc Eile - Pinsean Stáit (Ranníoc). Sochar Linbh, Sochar Cóireála, srl.	158 14.3%	53 4.8%	240 21.9%	611 55.4%	39 3.5%	1,102
IOMLÁIN	8,089	1,021	7,307	13,887	2,254	32,558

Tábla 4: Achomhairc idir lámha ag 31 Nollaig 2005 – 2012

	2005	2006	2007	2008	2009	2010	2011	2012
Pinsean Stáit (neamhranníochach), Pinsean na nDall	149	195	143	147	177	237	179	135
Pinsean Stáit (Athrú)	13	21	19	12	9	11	22	39
Liúntas Réamhscoir	13	8	5	4	0	1	2	1
Pinsean Stáit (Ranníocaíoch)	90	95	55	47	62	110	91	106
Sochar Breoiteachta	997	1,007	1,015	1,404	2,421	2,660	2,023	1,461
Pinsean Easláine	260	268	297	317	474	612	1,582	4,356
Sochar Páirt-Chumais	0	0	0	0	0	0	67	67
Liúntas Míchumais	1,040	1,127	1,311	1,550	2,846	3,046	2,958	4,030
Sochar Díobhála Ceirde	268	272	239	258	256	446	363	354
Sochar Cóireála	23	7	3	8	6	4	1	1
Sochar Cuardaitheora Poist	390	277	317	448	692	766	583	519
Liúntas Cuardaitheora Poist - Íocaíochtaí	668	576	681	755	2,085	3,318	1,498	1,247
Liúntas Cuardaitheora Poist - Acmhainn	347	322	382	859	2,253	2,496	1,866	1,522
Íocaíochtaí Baintrí/Baintrí Fir agus Caomhnóra	41	31	14	32	46	63	79	79
Íocaíocht Teaghlach Aontuismitheora	642	461	296	388	472	833	634	586
Sochar Máithreachais	8	9	4	2	6	21	20	21
Sochar Linbh	136	104	131	573	1,420	1,187	603	403
Sochar agus Liúntais Cúramóra	311	371	353	618	1,413	2,218	1,208	1,841
Liúntas Cúram Baile	0	0	0	0	776	1,386	1,385	1,113
Deontas Cúraim Sosa	69	166	221	119	185	114	166	153
An Forlíonadh Ioncam Teaghlach	36	29	40	51	73	105	104	147
Cúnamh Feirme / Iascaireachta	65	32	31	34	98	163	121	161
Liúntas Leasa Forlíontach	54	43	79	114	139	343	1,833	1,955
Gaolta Dlíte (ranníocaíochtaí)	10	2	2	15	22	22	31	21
Inárachais Fostaíochta	73	75	85	77	77	112	136	96
IOMLÁIN	5,703	5,498	5,723	7,832	16,008	20,274	17,488	20,414

Tábla 5: Staitisticí achomharc 1992 – 2012

STATISTICÍ ACHOMHAIRC 1992 – 2012					
Bliain	Ar láimh ag tús na bliana	Faighte	Riar oibre	Tugtha chun críche	Ar láimh ag deireadh na bliana
1992	8,287	17,610	25,897	18,844	7,053
1993	7,053	18,285	25,338	20,021	5,317
1994	5,317	13,504	18,821	14,971	3,850
1995	3,850	12,353	16,203	12,087	4,116
1996	4,116	12,183	16,299	11,613	4,686
1997	4,686	14,004	18,690	12,835	5,855
1998	5,855	14,014	19,869	13,990	5,879
1999	5,879	15,465	21,344	14,397	6,947
2000	6,947	17,650	24,597	17,060	7,537
2001	7,537	15,961	23,498	16,525	6,973
2002	6,973	15,017	21,990	15,834	6,156
2003	6,156	15,224	21,380	16,049	5,331
2004	5,331	14,083	19,414	14,089	5,325
2005	5,325	13,797	19,122	13,419	5,703
2006	5,704	13,800	19,504	14,006	5,498
2007	5,498	14,070	19,568	13,845	5,723
2008	5,723	17,833	23,556	15,724	7,832
2009	7,832	25,963	33,795	17,787	16,008
2010	16,008	32,432	48,440	28,166	20,724
2011	20,274	31,241	51,515	34,027	17,488
2012	17,488	35,484	52,972	32,558	20,414

Tábla 6: Achair próiseála achomharc de réir scéime sa bhliain 2012

Scéim	SWAO (seachtainí)	An Roinn Coimirce Sóisialaí (seachtainí)	Achomharcóir (seachtainí)	Iomláin
Sochar Uchtála	13.5	37.7	-	51.2
Pinsean na nDall	15.4	10.1	1.0	26.5
Liúntas Cúramóra	14.8	18.6	0.4	33.8
Sochar Cúramóra	17.3	6.5	0.2	24.0
Sochar Linbh	17.7	34.2	0.4	52.4
Liúntas Míchumais	14.8	18.1	0.3	33.3
Sochar Breoiteachta	13.7	19.7	5.8	39.2
Liúntas Cúram Baile	16.0	16.0	0.2	32.2
Sochar Banchéile Thréigthe	33.8	14.9	0.7	49.4
Liúntas Banchéile Thréigthe	24.6	7.5	-	32.0
Cúnamh Feirme	19.0	11.6	0.5	31.1
Deontas Méala	10.2	14.0	-	24.2
An Forlíonadh Ioncam Teaghlaigh	14.7	8.5	0.3	23.5
Pinsean Easláine	11.7	24.8	0.5	37.1
Gaolta Dlite	23.6	32.6	-	56.2
Íocaíocht Teaghlach Aon- Tuismitheora				36.3
Sochar Máithreachais	17.0	14.9	0.9	32.8
Pinsean Stáit (Rann)	30.1	18.3	0.5	48.9
Pinsean Stáit (Neamhranníocach)	23.1	14.5	0.3	37.9
Pinsean Stáit (Athrú)	22.7	12.5	-	35.3
Sochar Díobhála Ceirde	20.2	16.4	-	36.5
Sochar Díobhála Ceirde (Míochaine)	13.9	49.6	40.0	103.5
Pinsean Míchumais	21.6	17.6	0.2	39.4
Forlíonadh Éagumais	25.8	19.4	-	45.2
Íocaíocht Chaomhnóra (Ranníocach)	17.9	19.0	0.2	37.1
Íocaíocht Chaomhnóra (Neamhranníocach)	25.6	13.6	-	39.2
Liúntas Réamhscoir	54.6	-	-	54.6
Liúntas Cuardaitheora Poist (de réir Tástála Acmhainne)	17.8	24.0	0.2	42.0
Liúntas Cuardaitheora Poist	17.2	19.0	0.1	36.3
Rialú Calaoise L/S Cuardaitheora Poist (2 chás)	19.3	106.8	-	126.1
Sochar Cuardaitheora Poist	14.3	21.8	0.3	36.4
Deontas Cúraim Sosa	15.5	12.4	0.1	28.0
Inárachais Fostaíochta	45.2	22.6	0.1	68.0
Liúntas Leasa Forlíontach	10.4	7.3	0.3	18.1
Sochair Chóireála	5.3	4.2	14.9	24.3
Pinsean an Mharthanaigh (Ranníocach)	20.6	12.2	0.1	32.9
Pinsean an Mharthanaigh (Neamhranníocach)	16.5	9.3	0.1	26.0
Deontas an Tuismitheora Baintrí	9.9	13.3	-	23.2
Gach Achomharc	14.9	17.3	0.9	33.1

Tábla 7: Achomhairc idir lámha ag 31ú Nollaig 2012

Scéim	Idir lámha san Oifig Achomhairc Leasa Shóisialaigh	Ag feitheamh ar fhreagra ón Roinn	Ag feitheamh ar fhreagra ón achomharcóir	Iomlán
Liúntas Cuardaitheora Poist - Acmhainn / Cúnamh Feirme	896	779	8	1,683
Sochar Cuardaitheora Poist	979	778	6	1,763
Liúntas Míchumais	947	3,072	11	4,030
Sochar Breoiteachta	396	898	166	1,460
Liúntas Cúramóra	578	1,174	14	1,766
Sochar Linbh	188	212	3	403
Liúntas Cúram Baile	399	709	5	1,113
Pinsean Easláine	1,028	3,316	12	4,356
Liúntas Leasa Forlíontach	938	1,001	16	1,955
Scéimeanna eile	877	989	19	1,885
Iomlán	7,226	12,928	260	20,414

An Oifig Achomhairc Leasa Shóisialaigh 2012

Córas nua oibre

I dtuarascáil bhliantúil na bliana seo caite (2011), tugadh eolas ar an gcóras nua oibre. Buntáiste amháin a aithníodh ná gur lú ama a thógadh an próiseas ar an achomharcóir. Roimhe seo, sannadh comhaid d'Oifigigh Achomhairc lena seiceáil, nuair a chinnfeadh an tOifigeach Achomhairc an t-achomharc bunaithe ar an eolas sa chomhad (cinneadh achomair), nó nuair a chuirfí an comhad ar ais lena chinneadh le héisteacht ó bhéal, a dhéanfadh Oifigeach Achomhairc eile i bhformhór na gcásanna. Faoin gcóras nua, mar a sanntar riar cásanna d'Oifigeach Achomhairc, déanfaidh sé nó sí cinneadh achomair, nó má mheasann sé nó sí go bhfuil gá le héisteacht ó bhéal, is é féin nó í féin a rachaidh i mbun na héisteachta.

De thoradh an chórais nua, laghdaigh achair próiseála de thrí mhí i gcás éisteachtaí ó bhéal. Laghdú suntasach é sin agus is iad éifeachtúlachtaí sa tslí ina bpróiseáiltear obair san oifig seo is cúis leis, den chuid is mó.

Ar an taobh eile de, mhéadaigh achair próiseála le haghaidh cinneadh achomair beagán, de 2.7 seachtaine sa bhliain 2012. An chúis leis sin ná go ndearna an córas nua athchothromú ar na hachair próiseála idir éisteachtaí ó bhéal agus cinní achomhair. Níl aon chúis go ndéanfaí cás a chinnfí go hachomair a phróiseáil níos tapúla ná cás ina dteastaíonn éisteacht ó bhéal. Is é ár gcuspóir feasta ná gan níos mó ná idir 6 agus 9 seachtainí a bheith idir na hachair a thógann sé cásanna a chinneadh go hachomair agus cásanna a chinneadh le héisteacht ó bhéal.

Tá sin níos tábhachtaí ná riamh toisc go gBreithiúnachtaar cuid de na cásanna is casta go hachomair anois i gcás inar féidir é a chinneadh i bhfabhar an achomharcóra. Athrú cultúir is ea é sin, i ndáiríre. Oifigigh Achomhairc a dtagann cás ina láthair ar cás diongbháilte é, glacann siad leis mar sin agus ní bhraitheann

siad gur gá éisteacht ó bhéal a thionóil chun an cás doshéanta a bhunú. Is lú an t-am a thógann sin ná an t-am a thógadh sé cás a chinneadh le héisteacht ó bhéal.

I gcaitheamh na bliana i bhfianaise thuarascáil ó FLAC, dúradh gur cúis imní é athrú beartais i bhfabhar cinní achomair a d'fhéadfadh an bonn a bhaint de dheis an achomharcóra freastal ar éisteacht ó bhéal, ar mó an ráta ratha ná i gcinní achomair. Is fíor a rá gurb é 36% ar an meán céatadán na gcásanna a cinneadh go hachomair suas go dtí an bhliain 2009 ach gur mhéadaigh an céatadán sin go 56% idir sin agus an bhliain 2012. Ach níos tábhachtaí fós, ba 18% an ráta ratha i gcás cinní achomair sa bhliain 2009 agus bhí sé imithe chomh hard le 30% sa bhliain 2012. Léiríonn an méadú suntasach sin ar líon na n-achomharc a ceadaíodh ar bhonn achomair an t-athrú cultúir a luadh thuas.

Comhtháthú an Liúntas Leasa Forlíontach

Seo ceist eile ar cuireadh spéis inti ó cheann ceann na bliana 2012; Ábhar mór buartha sa bhliain 2012 ab ea aighneachtaí a bheith faighte go tráthúil ón Roinn. Is mó an deacracht má bhíonn moill ar chomhad ag teacht ón Roinn agus má bhaineann an comhad le scéim an Liúntais Leasa Forlíontaigh, toisc go dtugtar tús áite do na comhaid sin san Oifig Achomhairc. Na deacrachtaí a bhain le haigneachtaí i dtaca leis an Liúntas Leasa Forlíontach sa bhliain 2012, is cosúil gurbh é freagracht as na comhaid a ullmhú lena gcur ar aghaidh ba chúis leo. Is áthas liom a rá go bhfuil na deacrachtaí sin réitithe anois, a bheag nó a mhór, agus go bhfuil na comhaid sin á bhfáil san oifig anois go tráthúil.

Gné eile den chomhtháthú is ea raon na bhfadhbanna riaracháin a bhain le próiseáil cásanna LLF sula gcuirtear ar aghaidh iad go dtí an Oifig Achomhairc. I measc na bhfadhbanna sin bhí:

- Failí i dtaca le díriú ar argóintí an achomhairc, faoi mar is gá faoin reachtaíocht.

- Cinntí nach léir gur bunaíodh iad ar imscrúdú nó ar mheasúnú dóthanach ar an fhianaise a bhí ar fáil.
- Cinntí nár míníodh i gceart don achomharcóir.

Is mó obair a rinne an Roinn maidir leis seo sa bhliain 2012, lena n-áirítear cúrsaí oiliúna saincheaptha, agus leanfaimid de mhonatóireacht a dhéanamh ar an ngné seo den phróiseas sa bhliain 2013.

Tionscadal cinntí

Nuair a fhaightear achomharc, iarrtar ar an Oifigeach Breithiúnachta ráiteas a dhéanamh ar na hargóintí atá déanta ag an achomharcóir ag tacú lena achomharc. Tar éis díriú ar na hargóintí, deimhneoidh an tOifigeach Breithiúnachta an cinneadh a rinne sé nó sí, nó más gá, leasóidh sé nó sí an cinneadh. Is é cleachtas na Roinne gurb é an tOifigeach Breithiúnachta a scrúdaíonn argóintí an achomhairc ná an tOifigeach Breithiúnachta a rinne an cinneadh bunaidh. Tar éis moladh a fháil ón oifig seo sa bhliain 2012, tugadh faoi thionscadal faoi choimirce na hOifige Comhairleach Cinntí faoina n-iarrfaí ar Oifigeach Breithiúnachta amháin athbhreithniú a dhéanamh ar líon áirithe cásanna a chinn Oifigeach Breithiúnachta eile agus tuairisciú ar cheisteanna maidir le dearbhú cáilíochta a tháinig chun cinn san athbhreithniú **sin**. Leanfar den tionscadal sin agus cuirfear tuarascáil ar fáil sa bhliain 2013 ar thorthaí an tionscadail.

Oiliúint

Cuireadh oiliúint ar fáil an bhliain ar fad ar cheisteanna éagsúla, mar shampla:

- Seimineár ar cheisteanna dlí maidir le héisteachtaí ó bhéal, seimineár a chumhdaigh na foinsí dlí, ról an Oifigigh Achomhairc, nósanna imeachta agus cinntí cothroma.
- Oiliúint i dtaca le bunú agus seoladh éisteachtaí ó bhéal d'oifigigh nuacheaptha.

- Oiliúint i dtaca le ceisteanna inárachais, ag cumhdach conarthaí seirbhíse agus conarthaí le haghaidh seirbhísí, rialacháin, dlí coiteann agus dlí reachtach.
- Cuireadh oiliúint dhomhain ar fáil d'oifigigh nuacheaptha i mí na Bealtaine.
- Eagraíodh comhdhálacha cáis agus ceardlanna ó cheann ceann na bliana ar shaincheisteanna agus cásanna inspéise ar leith.

Cruinnithe leis an Oifig Comhairleach Cinntí

Gné an-tábhachtach den phróiseas achomhairc is ea aiseolas a sholáthar don Roinn ar fhadhbanna a thagann chun cinn i dtaca le hachomhairc. Ar na socruithe atá ann chun aiseolas athsholáthar tá: cruinnithe le baill foirne i réimsí áirithe scéime i dtaca le ceisteanna ar leith a thagann chun cinn ó am go ham agus cruinnithe rialta le hOifig Comhairleach Cinntí na Roinne. Cuireann an oifig aiseolas díreach ar fáil, leis, trí ionchur ar chúrsaí a eagraíonn an Roinn dá cuid Oifigigh Breithiúnachta

Chun maoirsiú éifeachtach ar an mbeartas agus ar cheisteanna eile i dtaca le scéimeanna a mbaineann critéir mhíochaine lena bpróiseáil, chuir an Roinn Bord Cláir i bhfeidhm chun na réimsí éagsúla a bhfuil baint acu leis na scéimeanna seo a thabhairt le chéile, lena n-áirítear an tSeirbhís um Athbhreithniú agus Measúnacht Míochaine agus an Oifig Achomhairc. Clár an-éifeachtach ab ea é seo ó thaobh aiseolas a fháil ar cheisteanna i dtaca leis na scéimeanna seo.

Cruinnithe agus Comhairliú

Cruinnithe na nOifigeach Achomhairc

Tionóladh cruinnithe de na hOifigigh Achomhairc ar fad i Márta agus i Samhain 2012 agus eagraíodh cruinnithe ní ba lú ná sin i gcaitheamh na bliana. Tionóladh na cruinnithe sin chun plé a dhéanamh ar saincheistean a tháinig chun cinn maidir leis an oifig agus an obair, an cleachtas is fearr, agus comhsheasmhacht i gcúrsaí Breithiúnachta. Déantar amhlaidh chun a chinntiú go gcaitear le gach duine a dhéanann teagmháil leis an oifig seo go cothrom agus go heolach beag beann ar ché'n Oifigeach Achomhairc a phléann leis an gcás. Baineann sin go háirithe le hachomharcóirí atá i ngátar agus a bhfuil cúinsí an-deacra acu, uaireanta, agus a bhfuil sé de cheart acu a bheith ag súil go gcaithfear lena gcásanna le heolas domhain ar fhorálacha leasa shóisialaigh agus le tuiscint. Is tábhachtaí ná riamh é seo nuair atáthar ag déileáil le cásanna ina dteastaíonn breithiúnas agus léirmhíniú.

Gheofar thíos eolas ar chuid de na ceistean a tháinig chun cinn.

Liúntas Cúram Baile

Ceist a bhaineann leis an scéim seo amháin is ea a mhéad **d'eolas** breise míochaine agus tuismitheora a thugtar i gcásanna inar diúltaíodh iarratas, eolas a dhéanfadh difear don chinneadh bunaidh **ó thús**. I gcásanna áirithe, cuirtear an fhianaise breise ar fail tráth déanta an achomhairc. Próiseas deacair fada is ea é d'iarratasóirí, dá bharr, agus is forchostas mór riaracháin é don Roinn agus don Oifig Achomhairc. Caithfear tús áite a thabhairt do chothromaíocht fianaise a fháil ag céim an éilimh thosaigh. Saincheist eile d'Oifigigh Achomhairc is ea a theoranta a bhíonn an t-eolas a chuirtear ar fáil i dtaca le tuairim an Lia-Chleachtóra a d'athbhreithnigh an cás thar ceann na Roinne.

Bhunaigh an tAire grúpa chun oibriú na Scéime Cúram Baile agus próisis na scéime, próisis mhíochaine san áireamh, a scrúdú. Ba í Sylva Langford a chuaigh i gceannas ar an grúpa sin

agus bhí grúpaí ionadacha do thuismitheoirí agus do gheallsealbhóirí eile ina mbaill den ghrúpa. Chabhraigh an Oifig Achomhairc Leasa Shóisialaigh leis an athbhreithniú seo agus tá súil go réiteofar cuid de na fadhbanna a aithníodh thuas nuair a bheidh moltaí áirithe de chuid an ghrúpa athbhreithnithe seo curtha i bhfeidhm.

Pinsin Easláine

Ó thús na bliana 2009, d'fhoráil athruithe sa reachtaíocht go bhféadfaí teorainn dhá bhliain a chur ar theidíocht duine ar Shochar Breoiteachta. I gcás nach raibh duine in ann filleadh ar an obair ag deireadh thréimhse dhá bhliain d'fhéadfaidís Liúntas Míchumais nó Pinsean Easláine a éileamh, ag brath ar nádúr agus ar fhad dóchúil na breoiteachta. Mhéadaigh líon na n-achomharc maidir le Pinsean Easláine faoi dhó, agus níos mó ná sin, sa bhliain 2012 i gcomparáid leis an mbliain 2011 (4,745 i gcomparáid le 2,285).

Maraon leis an méadú sin, bhí moill ar phróiseáil na n-achomharc seo sa Roinn ionnas go raibh breis is bliain gafa thart i gcásanna áirithe sular tháinig siad faoi bhráid Oifigeach Achomhairc.

Critéar cáilíochta chun Pinsean Easláine a fháil ná a bheith éagumasach chun oibre ar feadh thréimhse 12 mhí agus an dóchúlacht ann go mbeifear éagumasach chun oibre go ceann 12 mhí eile.

I gcásanna ina ndearnadh an cinneadh nár dhócha go mbeadh duine éagumasach chun oibre go ceann 12 mhí eile, agus go raibh an 12 mhí gafa thart ó shin agus go raibh fianaise ann gur mhair an t-éagumas ó cheann ceann na thréimhse sin, dúradh leis an Roinn gur dócha go gceadódh Oifigeach Achomhairc cásanna dá sórt.

Liúntas Míchumais

Is minic a thagann cásanna chun cinn ina mbíonn deacracht shuntasach ag an achomharcóir i dteannta an mhíchumais shonraithe, deacrachtaí ar nós andúil i substaint

éigin, nó an duine a bheith meánaosta agus a bheith tar éis obair fhisiciúil a dhéanamh le blianta fada, tar éis an scoil a fhágáil go luath, b'fhéidir. Sin cuid de na tosca socheacnamaíocha a mbíonn ar Oifigigh Achomhairc a chur san áireamh agus measúnú á dhéanamh ar a mhéad a chiallaíonn míchumas áirithe nach bhféadfadh an duine dul ag obair feasta. Ní léir i gcásanna áirithe an dtugann an Roinn dóthain suntais do na tosca seo, ar chéim an chinnidh bunaidh nó nuair a dhéantar an cinneadh sin a athbhreithniú.

Liúntas Leasa Forlíontach – Bunioncam

I gcás ina bhfuil teidlíocht duine ar bhuníocaíocht á scrúdú, is féidir leis an duine sin éileamh a dhéanamh ar an Liúntas Leasa Forlíontach (LLF). Sa bhliain 2012, tháinig cásanna áirithe chun cinn inar diúltaíodh an bhuníocaíocht, Liúntas Cuardaitheora Poist, mar shampla, toisc nach raibh an tOifigeach Breithiúnachta sásta gur nocht an t-iarratasoir gach maoin dá gcuid. Dá ainneoin sin, tugadh faoi deara san Oifig Achomhairc nuair a tháinig cásanna dá sórt go dtí céim an achomhairc, go raibh an LLF á íoc ar an mbonn nach bhfuil aon acmhainn ag an duine sin. Níl sé inmharthana go ndéanfadh an Roinn íocaíocht amháin a dhiúltú ar an mbonn nach bhfuil siad sásta nár nocht duine a mhaoín iomlán agus íocaíocht eile a cheadú ag an am céanna ar an mbonn gur nocht sé a mhaoín go sásúil. Tar éis cainteanna leis an Roinn, aontaíodh go rachadh an bheirt Oifigeach Breithiúnachta i gcomhairle chun an deacracht maidir leis an tástáil maoine a aithint i gcás mar seo.

Liúntas Leasa Forlíontach – Forlíonadh Cíos

Cuireadh mórchuid cásanna deacra faoinár mbráid i mbliana, ó athruithe ar na teorainneacha cíos a tháinig i bhfeidhm in Eanáir 2012. Nuair a cuireadh na teorainneacha nua i bhfeidhm maidir le héilimh nua ó Eanáir, athbhreithníodh cásanna a bhí á n-íoc roimh thús na bliana ag amanna difriúla i gcaitheamh na bliana. I gcásanna a athbhreithníodh toisc gur sháraigh a gcíos an teorainn nua, tugadh idir 8 agus 12 seachtain dóibh chun laghdú cíos a shocrú lena dtiarna

talún nó cóiríocht níos saoire a fháil. Ní fhoráiltear sa reachtaíocht le haghaidh tréimhse ghrásta do dhuine chun laghdú a fháil nó cóiríocht níos saoire a fháil; bhí neamhréireacht ann dá bharr seo agus ba dheacair do na hOifigigh Achomhairc cloí le forálacha na reachtaíochta. Tar éis an cás a phlé, agus ar mhaithe le comthramas sna cásanna seo, d'aontaigh na Oifigigh Achomhairc ar thréimhse ghrásta, nuair ab fhéidir é, suas do dtí dáta an chéad athbhreithnithe conarthach eile ar chíos.

Bhí easpa cothramais sa chinnteoireacht, leis, i gcásanna ina bhfuarthas go raibh cíos an iarrthóra os cionn na teorann, fiú tar éis na tréimhse grásta. I gcásanna áirithe, cuireadh deireadh leis an bhForlíonadh Cíos, rud ar foráladh dó sa reachtaíocht. Ach i gcásanna eile, laghdaíodh méid an Fhorlíonta Cíos go dtí an méid uasta nua cé nach bhforáiltear dó sin sa reachtaíocht. I gcásanna dá sórt a achomharcadh, ní raibh de rogha ag Oifigigh Achomhairc ach an t-achomharc a cheadú toisc nach raibh aon bhonn sa reachtaíocht do chinneadh mar sin ag Oifigeach Breithiúnachta.

Ceist eile a tháinig chun cinn sa bhliain 2012 maidir leis an scéim seo ab ea an riachtanas, i gcásanna áirithe, go mbéadh gá aitheanta tithíochta ag duine sular féidir Forlíonadh Cíos a íoc leo. I gcásanna áirithe, níorbh fhéidir le hiarratasóirí áit a fháil ar an liosta tithíochta ná cinneadh nár shásaigh siad na coinníollacha. D'fhág sin nach raibh cinneadh ar bith ag na hachomharcóirí agus is ceist é a chaithfidh an Roinn a réiteach.

Cúrsaí Eagraíochtúla agus Oibríochtúla

Acmhainní Foirne

Bhí 94 ball foirne lánaimseartha ag obair i mOifig ag deireadh na bliana 2012 arb ionann é agus 88.5 post lánaimseartha. Ba iad 91 agus 85.2, faoi seach, líon comhfhreagrach na foirne sa bhliain 2011.

Seo a leanas miondealú ar líon na foirne don bhliain 2012:

1 Phríomh-Oifigeach Achomhairc	1.0
1 Leas-Phríomhoifigeach Achomhairc	1.0
41 Oifigeach Achomhairc (3 ag post-roinnt)	40.4
3 Ardoifigeach Feidhmiúcháin (1 post-roinnt)	2.4
11 Oifigeach Feidhmiúcháin (3 ag jabroinnt)	10.2
8 nOifigeach Foirne (3 ag post-roinnt)	6.5
30 Oifigeach Cléireachais (9 ag post-roinnt)	<u>27.0</u>
	88.5

Leagtar amach struchtúr na hOifige seo i gCairt na hEagraíochta ag Aguisín 1 leis an tuarascáil seo.

Ceisteanna Parlaiminte

I gcaitheamh 2012, cuireadh síos 1,261 Ceist Parlaiminte (744 sa bhliain 2011) maidir le hobair na hOifige seo. Den líon sin, tugadh freagraí ar 1,205 cheist i nDáil Éireann agus aistarraingíodh an 56 eile nuair a míníodh don Teachta stádas reatha an cháis achomhairc ab ábhar don Cheist.

Comhfhreagras

Rinne ionadaithe poiblí 8,443 iarratas agus uiríoll ar son achomharcóirí sa bhliain 2012 (2,756 sa bhliain 2011).

Saoráil Faisnéise

Fuarthas 173 iarratas foirmeálta sa bhliain 2012 (66 sa bhliain 2011) faoi fhorálacha na nAchtanna um Shaoráil Faisnéise. De na hiarratais sin, bhain 171 díobh le faisnéis phearsanta agus ceann amháin le faisnéis neamhphearsanta.

Cás-Staidéir de Chinntí Áirithe a rinne Oifigigh Achomhairc

Tuarascáil Bhliantúil 2012 – Cásanna Staidéir

Réamhrá Sampla beag is ea na cás-staidéir a chuirtear i láthair sa chuid seo den tuarascáil de na hachomhairc ar fad a cinneadh sa bhliain 2012. Tugann siad gearrchuntas ar an gcúlra agus ar an tsaincheist i ngach cás, chomh maith le cuntas ar an tslí inar déileáladh leis an achomharc, an fhianaise a cuireadh san áireamh agus an réiteach ar thángthas air. Tagann gach achomharc leasa shóisialaigh chun cinn as cinneadh diúltach a rinneadh ar cheist teidlíochta, cibé teidlíocht reatha nó teidlíocht chúlghabhálach. Sna cásanna a thugtar anseo, baineann na saincheisteanna le raon leathan critéar ar measúnaíodh teidlíocht ina leith, lena n-áirítear maoin, ranníocaíochtaí árachais shóisialaigh, fianaise dochtúra, gnáthchónaí sa Stát, agus buntáiste sóisialta i dtéarmaí Rialacháin AE. Tháinig na saincheisteanna seo chun cinn i gcomhthéacsanna éagsúla sóisialta, agus bhí siad mar údar le héileamh i gcásanna áirithe, agus le hathbhreithniú ar theidlíocht leanúnach i gcásanna eile. Áirítear orthu tagairtí do mhí-úsáid féideartha seanóirí, bochtanas, iompar frithshóisialta, agus an tionchar a bhíonn ag fáthmheas míochaine nó tosca áirithe ar pháistí agus ar a gcúramóirí. Gheofar sampla níos cuimsithí de chásanna ar ár suíomh gréasáin ag: www.socialwelfareappeals.ie

Leagan amach nua: Tá leagan amach nua ceaptha againn don chuid seo den tuarascáil, chun cuntas níos cruinne a thabhairt ar gach ceann de na cásanna: luaitear an cinneadh atá faoi achomharc agus cuirtear téacs chinneadh an Oifigigh Achomhairc ar fáil díreach mar a eisíodh don achomharcóir é. Ní thugtar ainmneacha, seoltaí ná dátaí sonraithe chun nach n-aithneofar na hachomharcóirí.

Fianaise: Bíonn fianaise dhoiciméadach ar fáil don Oifigeach Achomhairc i ngach cás. Áirítear ar an bhfianaise sin an fhoirm éilimh agus aon fhianaise thacaíochta, tuairisc an Chigire Leasa Shóisialaigh i gcás ina ndearnadh imscrúdú agus

measúnú dhochtúir an achomharcóra agus an Lia-Chleachtóra nó na Lia-Chleachtóirí thar ceann na Roinne Coimirce Sóisialaí i gcás míochaine. Bíonn an t-achomharc féin, i bhfoirm litreach nó na foirme achomhairc comhlánaithe, (foirm SWAO1), mar aon le haon fhianaise breise, os comhair an Oifigigh Achomhairc.

An próiseas achomhairc: Scrúdaítear an fhianaise dhoiciméadach go cúramach chun an t-achomharc a chinneadh. Ní eagraítear éisteacht ó bhéal ach amháin nuair a bhíonn coimhlint fianaise ann, nó nuair is cás é inar dócha go bhfaighfí tuilleadh eolais nó soiléiriú ina thaobh ach éisteacht ó bhéal a thionóil. Ar an gcúis sin, tá sé tábhachtach go gcuirfeadh an t-achomharcóir an fhianaise is fearr ar fáil – is é sin, fianaise ábhartha, atá cothrom le dáta agus a threisiú bunús an achomhairc. Beidh sé níos fusa an t-achomharc a phróiseáil ach an fhianaise sin a bheith ann, agus is lú moill a bheidh ann.

Cinntí: I gcás ar bith ina ndícheadaítear achomharc, cuirtear an cúis leis an diúltú in iúl. I gcásanna ina gceadaítear achomharc, áfach, ní i gcónaí a chuireann Oifigigh Achomhairc míniú ar fáil le cois an chinnidh fhoirmiúil.

Cás 2012/01 - Liúntas Cúramóra

An cinneadh faoi achomharc: éileamh diúltaithe – cúis(eanna) tugtha:

Tar éis an fhianaise a scrúdú chinn an Príomhchomhairleoir Míochaine nach bhfuil an duine atá ag fáil an chúraim chomh heaslán nó chomh héagumasach sin go dteastaíonn cúram agus aire lánaimseartha uaidh faoi mar atá leagtha síos sa reachtaíocht maidir le Liúntas Cúramóra.

An Cúlra: Sa bhliain 2007, bronnadh Liúntas Cúramóra ar an achomharcóir maidir lena mac. Tar éis athbhreithniú sa bhliain 2011, cuireadh deireadh leis an íocaíocht ar aon dul leis an gcinneadh thuas. Ba é tuairim Lia-Chleachtóir na Roinne gur léirigh an fhianaise go raibh spleáchas éigin ann ach nár leor é chun cúram agus aire lánaimseartha a éileamh. Dúirt dochtúir teaghlaigh an achomharcóra gur mheas

sé go mairfeadh an riocht fáthmheasta go ceann tréimhse éiginnte; agus an tuaraisc cumais/míchumais á líonadh isteach aige, chuir sé in iúl gur riocht dian ab ea riocht a mic faoi cheanteidil áirithe, lena n-áirítear sláinte/iompar meabhrach; foghlaim/éirim agus comhfhios/taomanna.

Fáthmheas: Titimeas, dúlagar agus neamhord hipircinéiteach ADHD

Ag an éisteacht ó bhéal: rinne an t-achomharcóir tagairt d'fháthmheas a mic. Dúirt sí go raibh sé 17 mbliana d'aois agus nárbh fhéidir é a fhágáil ina aonar uair ar bith. Thug sí cuntas ar lá samplach. Rud amháin a luaigh sí ná go n-éiríonn sé idir a 9 agus a 10 ar maidin agus go suíonn sé sa seomra suite agus an phluid timpeall air. Dúirt sí nach dtéann sé amach ina aonar ach go dtéann sé go dtí na siopaí uaireanta ina teannta. Dúirt sí go bhféadfann sin bheith deacair ós rud é go gcailleann sé smacht ar a fhearg agus gur **furasta** údar a thabhairt dó chun sin a dhéanamh. Dúirt sí go mbíonn sé níos suaite um thráthnóna agus gur féidir leis dul i bhfearg. Téann sé a luí timpeall a deich ach d'fheadfadh sé fós a bheith ina shuí idir a 2 agus 3 ar maidin. Dúirt an t-achomharcóir gur thóg siad teilifíseán amach as a sheomra mar réamhchúram toisc gur nós leis rudaí a chaitheamh amach ar an fhuinneog.

Labhair an t-achomharcóir mar gheall ar dhúlagar a mic agus dúirt go mbíonn frustrachas air. Bhí trí sheisiún comhairleoireachta aige ach dhiúltaigh sé le tuilleadh. Dúirt sí gurbh éigean fios a chur ar na gardaí ar níos mó ná ócáid amháin, an uair dheireanach trí seachtainí ó shin, de bhárr ionsaitheacht a mic sa bhaile. Téann sé chuig Ospidéal Beaumont gach sé mhí, maidir lena thitimeas. Dúirt an t-achomharcóir go mbíonn taomanna 'petit mal' air gach dhá lá nó trí lá; tosaíonn sé ag priosláil, tagann tinneas cinn air agus is gnách go gcaithfidh sé dul a luí go dtí go mbíonn an taom thart. Roimhe sin, bhíodh taomanna 'grand mal' air ach tá siad sin faoi smacht ó chaith sé seal in ospidéal le taom amháin sa bhliain 2011. Freastalaíonn sé ar na Seirbhísí Meabhairshláinte do Pháistí agus d'Ógánaigh gach dhá mhí nó trí mhí, agus tá sé faoi threoir

síceolaí leanaí ansin. Lena chois sin, téann sé chuig an dochtúir teaghlaigh gach dhá mhí nó mar sin. Labhraíonn an dochtúir leis, seiceálann sé a réim cógas agus féachann sé chuige. Mar fhocal scoir, chuir an t-achomharcóir roinnt litreacha agus tuarascálacha i dtaobh riocht sláinte a mic i láthair.

Ráitis/Cinntí: Agus an t-achomharc á chinneadh, chuir an tOifigeach Achomhairc san áireamh fianaise an achomharcóra ag an éisteacht, measúnú ar na doiciméid ábhartha agus ar an bhfianaise breise dhoiciméadach a cuireadh ar fáil ag an éisteacht ó bhéal. Sna cúinsí a leag an t-achomharcóir amach, le tacaíocht ón bhfianaise dhoiciméadach, mheas sé gur cheart an t-achomharc a cheadú.

Cinneadh an Oifigigh Achomhairc: Ceadáitear an t-achomharc.

Cás 2012/02 - Liúntas Cúramóra

An cinneadh faoi achomharc: éileamh diúltaithe – cúis(eanna) tugtha:

Beidh deireadh le d'éileamh ar Liúntas Cúramóra le héifeacht ón [dáta sonraithe] ar na forais nach bhfuil tú ag cur cúraim agus aire lánaimseartha ar fáil do dhuine ábhartha.

An Cúlra: Bhí an t-achomharcóir ag fáil Liúntas Cúramóra maidir lena athair, a bhí sna seascaidí déanacha, agus ar deineadh fáthmheasanna air maidir leis spleáchas ar alcól, diaibéiteas agus dúlagar. Tar éis tuairisc ó na gardaí áitiúla chuig an Roinn Coimirce Sóisialaí, athbhreithníodh an t-éileamh agus cuireadh deireadh leis. Ina aighneacht achomhairc, d'áitigh an t-achomharcóir gur thug sé cúram lánaimseartha dá athair. Thug sé srac-chuntas ar chineál an chúraim sin, lena áiríodh maoirseacht ar an réim cógas agus a bheith ar fáil de ló agus d'oíche. Dúirt sé gur thit a athair dhá mhí roimhe sin agus gur bhris sé cromán agus lámh. Dúirt sé go raibh a athair ag bráth go hiomlán air féin.

Ag an éisteacht ó bhéal: bhí an tOifigeach Breithiúnacha i láthair ar iarratas an Oifigigh Achomhairc, mar aon leis an nGarda a bhí bainteach leis an gcás. Dheimhnigh an tOifigeach Breithiúnachta gur bhraith sé ar

thuairisc an Gharda chuig an Roinn Coimirce Sóisialaí, inar dúradh go raibh an chosúlacht air nach raibh an t-achomharcóir ag comhlíonadh a dhualgais chúraime agus inar moladh cúram eile a fháil don athair.

Thuairiscigh an Garda gur thug sé cuairt ar sheoladh an achomharcóra agus go raibh an teach i mbrocamas. Dúirt sé go raibh fianaise ann ar úsáid drugaí infhéitheacha agus go bhfaca sé an t-achomharcóir agus cuma an-mhíshláintiúil air. Dúirt sé go raibh an t-achomharcóir ag baint mí-úsáid as hearóin agus nárbh fhéidir leis aire a thabhairt dó féin, gan trácht ar a athair. Dúirt sé go raibh daoine eile ina gcónaí thuas staighre sa teach céanna.

Mar freagra, dúirt an t-achomharcóir nach raibh sé ag caitheamh drugaí níos mó agus go raibh sé ar chúrsa cóireála meatadóin le ceithre mhí anois. Thuairiscigh sé go raibh sé ag fáil Liúntas Cuardaitheora Poist, go bhfuair sé béilí ar rothaí agus gur thug an bhanaltra sláinte phoiblí cuairt air uair sa tseachtain. D'admhaigh sé nach raibh ar a chumas cúram lánaimseartha a thabhairt dá athair fad is a bhí sé ag caitheamh hearóin.

Ghlac an Garda leis go raibh an t-achomharcóir tar éis slacht a chur air féin agus ag dul i bhfeabhas. Dúirt sé go raibh imní air go mbogfadh seanchairde an achomharcóra isteach leis, rud a rachadh chun donais dó féin agus dá athair. Ach d'admhaigh sé go raibh fonn ó chroí ar an achomharcóir aire a thabhairt dá athair, agus dúirt sé gur mhaith leis réiteach a fháil ar an gcás.

Mar fhocal scoir, dúirt an tOifigeach Achomhairc leis an achomharcóir go dteastódh tuairisc chun dáta ón Roinn Coimirce Sóisialaí (an Cigire áitiúil Leasa Shóisialaigh) á rá go raibh na coinníollacha cáilithe don Liúntas Cúramóra sásaithe sula bhféadfaí smaoineamh ar íocaíocht a athosú.

An Breithniú: Dúirt an tOifigeach Achomhairc go bhfuair sé tuairisc an Chigire Leasa Shóisialaigh. Mheas sé gur dheimhnigh sé go raibh an ceart ag an Oifigeach Breithiúnacha an Liúntas Cúramóra a scor ar na forais nach raibh an t-achomharcóir ag tabhairt aire dá athair ag an am: ní raibh ar a chumas an cúram sin a

thabhairt. Dúirt sé go raibh an Garda a bhí bainteach leis an gcás sásta go raibh an t-achomharcóir ag díriú ar a fhadhb drugaí agus gur thug an Cigire Leasa Shóisialaigh feabhas mór faoi deara i gcomparáid leis an gcuairt a bhí tugtha aige níos luaithe ar an achomharcóir. Dúirt sé gur cruthaíodh gur shásaigh an t-achomharcóir arís na coinníollacha cáilithe don Liúntas Cúramóra. In éagmais aon dáta eile, chinn sé gur cheart an Liúntas Cúramóra a íoc le héifeacht ón [dáta sonraithe], an dáta ar fhreastail an t-achomharcóir ar an éisteacht ó bhéal, nuair a bhí an chosúlacht air go bhféadfadh sé aire a thabhairt dá athair.

Dúirt an tOifigeach Achomhairc go raibh toradh spreagúil ar an gcás seo agus ghabh sé buíochas leis na Gardaí. Ós rud nach mbeadh ar chumas an gharda l gcónaí bheith i láthair ag éisteachtaí ó bhéal, mhol sé go gcuirfí tuairiscí feasta chuig na cigirí leasa shóisialaigh le go bhféadfaidís-sean fianaise a gcuid imscrúduithe a chur i láthair.

Cinneadh an Oifigigh Achomhairc: Ceadaítear an t-achomharc ón [dáta sonraithe] amháin.

Nóta ar an gcúis/na cúiseanna leis an gcinneadh: In éagmais aon dáta eile, chinn sé gur cheart an Liúntas Cúramóra a íoc le héifeacht ón [dáta sonraithe], an dáta ar fhreastail an t-achomharcóir ar an éisteacht ó bhéal, agus a thaispeáin go bhféadfadh sé aire a thabhairt dá athair.

Cás 2012/03 - Sochar Linbh

Cinneadh faoi achomharc: diúltú iarratais chun íocaíocht a bhronnadh ó dháta níos luaithe - an chúis/na cúiseanna a tugadh:

Ar bhonn an eolais breise a fuarthas, is dona liom a rá leat nach féidir liom an cinneadh bunaidh chun Sochar Linbh a íoc maidir le [C] ón [dáta sonraithe] 2010 a leasú.

An tSaincheist: Dáta na híocaíochta.

An Cúlra: Rinne an tAchomharcóir éileamh ar Shochar Linbh maidir lena mhac, a bhí tagtha chun cónaí leis. D'iarr sé an t-éileamh a shiardhátú go dtí dáta níos luaithe, nuair a

tugadh cúram agus coimeád a mhic dó ina aonar. Chuir sé cóipeanna d'Orduithe Cúirte (ó dhlínse eile) ar fáil, mar thacaíocht lena éileamh. Dúirt sé gur bhain Ordú roimhe sin dá bhean chéile chomhthithe a cearta dlíthiúla ar chúram agus ar choimeád a mic, á dtabhairt dá tuismitheoirí ina háit. Dúirt sé de bhrí nár ghlac na seantuismitheoirí lena bhfreagrachtaí dlíthiúla eisíodh an dara hOrdú ag cur an chéad ordú ar ceal agus ag tabhairt coimeád aonair don achomharcóir. Thaisitil an t-achomharcóir chun glacadh le coimeád a mhic ar feitheamh ar na himeachtaí cúirte a bheith tugtha chun críche. Bhí sé i dteideal an Liúntais Leasa Forlíontaigh (Forlíonadh Cíos), ar faomhadh, ó cheann ceann na tréimhse ábhartha.

Ag an éisteacht ó bhéal: bhain príomhargóint an achomharcóra le stádas a mhic sa tréimhse inar fuadaíodh é ó thír a ghnáthchónaí go dtí Stát eile.

Dúirt an t-achomharcóir gur tháinig deireadh lena phósadh sa bhliain 2006 fad a bhí cónaí ar an teaghlach in Éirinn, agus gur mhair a mhac lena iarbhean chéile i dtús báire. D'iarr agus fuair sé, cearta curta sa bhliain 2007. Dúirt sé gur fuadaigh máthair an pháiste é ina dhiaidh sin go dtí stát eile. Thuairiscigh sé go ndeachaigh sé i muinín phróisis **dlí** (trí Choinbhinsiún na Háige) chun caomhnóireacht aonair dlíthiúil a bhunú maidir lena mhac agus é a thabhairt ar ais go dtí an Stát seo.

Ráiteas/Cinneadh: Thagair an tOifigeach Achomhairc don Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh, 2005, Alt 219 (c) ina bhforáiltear go mbeidh páiste ina pháiste cáilithe ar mhaithe le Sochar Linbh, nuair atá gnáthchónaí ar an bpáiste sin sa Stát. Foráiltear in Alt 220 den Acht go mbeidh an té lena maireann páiste cáilithe de ghnáth i dteideal Sochar Linbh I leith an pháiste sin.

Dúirt an tOifigeach Achomhairc gurb é príomhintinn Choinbhinsiún na Háige ná tacú le cibé socrú maidir le coimeád an pháiste a bhí i bhfeidhm díreach roimh an fhuadach nó roimh choimeád an pháiste go héagórach. Ordaíonn an Coinbhinsiún go dtabharfaí ar ais aon pháiste a raibh gnáthchónaí air nó uirthi i náisiún

conarthach díreach roimh ghníomh arb ionann é agus sárú ar chearta coimeáda agus rochtana. An cuspóir leis seo ná díspreagadh ar fhuadach aontaobhach pháiste ón áit ina raibh gnáthchónaí air nó uirthi nuair a fuadaíodh é nó í nó nuair a coimeádadh é nó í, áit a dtuigtear de ghnáth a bheith ina áit ghnáthchónaí ag an bpáiste. Mheas sé gur chruthaigh an fhianaise gur fuadaíodh an páiste ón Stát agus go raibh gnáthchónaí air anseo, go dtí gur fuadaíodh é.

Mheas sé gur léirigh an fhianaise nár 'duine cáilithe' ar mhaithe le Sochar Linbh a bhí san achomharcóir sa tréimhse roimh dhéanamh an Ordaithe Chúirte a cheadaigh a mhac a bheith curtha faoina chúram. Dúirt sé gur caitheadh leis an achomharcóir, fad a bhí sé ag tabhairt na n-imeachtaí cúirte chun críche i Stát eile, mar dhuine a raibh gnáthchónaí air in Éirinn ar mhaithe le leas sóisialach. Thug Ordú Cúirte den [dáta sonraithe] éifeacht do theidlíocht aonair an achomharcóra ar chearta tuismitheora agus chinn an tOifigeach Achomhairc gurb é sin an dáta éifeachtach ar tharla an t-achomharcóir chun bheith ina 'dhuine cáilithe' ar mhaithe le Sochar Linbh. Mheas sé nach raibh 'gnáthchónaí' ar an bpáiste sa Stát eile ag am ar bith agus go raibh sin cruthaithe ag na himeachtaí cúirte, a tionscnaíodh faoi Choinbhinsiún na Háige. Dá réir sin chinn sé go bhféadfaí féachaint ar an bpáiste mar pháiste a d'athbhunaigh a ghnáthchónaí sa Stát ón [dáta sonraithe] sa bhliain 2010 ar a laghad, tar éis Ordú na Cúirte. Chinn sé gur duine cáilithe a bhí san achomharcóir ar mhaithe le Sochar Linbh, le héifeacht ón dáta céanna.

Cinneadh an Oifigh Achomhairc: Ceadáitear an t-achomharc.

Nóta ar an gcúis/na cúiseanna leis an gcinneadh: Le Sochar Linbh a fháil, ní mór gnáthchónaí a bheith ar an bpáiste sa Stát. Tar éis an fhianaise sa chás seo a scrúdu, cinnim gur féidir breathnú ar an bpáiste [C] mar pháiste a raibh gnáthchónaí air sa Stát arís ón [dáta sonraithe] 2010 ar a laghad. Ceadáitear an t-achomharc ar an mbonn seo.

Cás 2012/04 - Sochar Linbh (Go hachomair)

An cinneadh faoi achomharc: éileamh diúltaithe – cúis(eanna) tugtha:

Nuair a d'fhág [M] an Stát seo, ní raibh tú i dteideal Sochar Linbh a fháil ina leith níos mó. De bharr an chinnidh athbheithnithe seo faoi Alt 302 (b) den Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh, 2005, fuair tú ró-íocaíocht de €600 de Shochar Linbh sa tréimhse Meán Fómhair 2010 go Nollaig 2010.

An Cúlra: Rinne an t-achomharcóir, ar náisiúnach Liotuánach é, éileamh ar Shochar Linbh maidir lena dheirfiúr. Mheas an tOifigeach Breithiúnachta gurb é an t-achomharcóir an 'duine cáilithe' a raibh gnáthchónaí ar an bpáiste in éineacht leis in Éirinn, faoi fhorálacha an Achta Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh, 2005, Alt 220 (1)(a) agus chinn sé go bhféadfaí féachaint ar an bpáiste mar pháiste a raibh 'gnáthchónaí' air sa Stát ag tagairt d'fhorálacha Alt 219 (1) (c). Ar an mbonn sin, measadh go raibh Sochar Linbh iníoctha faoin reachtaíocht intíre. Nuair a d'fhill an páiste chun cónaí sa Liotuáin, áfach, measadh gur scoir sí de bheith ina gnáthchónaí sa Stát agus nár dhuine cáilithe an t-achomharcóir níos mó.

Ráiteas/Cinneadh: Thug an tOifigeach Achomhairc dá aire gur dhúirt an t-achomharcóir ina litir achomhairc gurb é caomhnóir dlíthiúil an pháiste é agus d'áitigh sé go raibh sé ag cur na n-íocaíochtaí Sochar Linbh go dtí an Liotuáin agus mar sin gur cheart go mbeadh sé i dteideal na híocaíochta i gcónaí.

Cinneadh an Oifigh Achomhairc: Dícheadaítear an t-achomharc. Cinnim nach bhfuil an t-achomharcóir i dteideal íocaíocht Sochar Linbh don tréimhse ó Meán Fómhair 2010 go Nollaig 2010.

Nóta ar an gcúis/na cúiseanna leis an gcinneadh: Forordaítear sa reachtaíocht leasa shóisialaigh go bhféadfaidh an tAire rialacha a dhéanamh chun a chinntiú cé léi nó leis a mheastar go bhfuil leanbh cáilithe i gnáthchónaí [Alt 220 (2)(a) den Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh, 2005]. Forordaítear na rialacha seo sna Rialacháin Leasa Shóisialaigh (Éilimh, Íocaíochtaí agus Rialú Comhdhlúite), 2007:

Airteagal 159

Chun críocha Chuid 4, cinnfear an té lena bhfuil páiste cáilithe ina ghnáthchónaí de réir na Rialacha seo a leanas:

1. Faoi réir Rial 2, páiste cáilithe, atá ina chónaí le duine amháin nó níos mó de na daoine seo a leanas, a –

máthair/mháthair

leasmháthair

hathair/athair

leasathair

féachfar air mar pháiste atá ina ghnáthchónaí leis an té a céadluadh agus nach bhfuil sé ina chónaí le duine ar bith eile.

4. Páiste cáilithe, atá ina chónaí in áit seachas le tuismitheoir nó leasuismitheoir agus a bhfuil a mháthair beo, i gcás ina bhfuil a mháthair nó a máthair i dteideal é nó í a choimeád ina haonar nó i gcomhar le duine éigin eile, féachfar air nó uirthi mar pháiste a bhfuil gnáthchónaí air nó uirthi lena mháthair nó lena máthair agus ní le haon duine eile.

Cé go dtugaim do m'aire go bhfuil cumhacht aturnae ag an achomharcóir chun máthair an pháiste a ionadú i gcásanna áirithe, ní mheasaim go dtugann sin coimeád dlíthiúil dó. De bhrí go bhfuil an mháthair i dteideal a coimeád, caithfear féachaint ar an bpáiste mar pháiste a bhfuil ghnáthchónaí uirthi léi, agus ní le haon duine eile. Mar sin, caithfidh mé a chinneadh nach bhfuil an t-achomharcóir i dteideal Sochar Linbh.

Cás 2012/05 - Liúntas Míchumais

An cinneadh faoi achomharc: éileamh diúltaithe – cúis(eanna) tugtha:

Theip ort a thaispeáint nach sáraíonn do mhaoin an teorainn reachtúil.

An tSaincheist: Maoin ó ioncam an fhir chéile ó fhostaíocht inárachais nár dearbhaíodh.

An Cúlra: Measadh gur comhlíonadh na coinníollacha míochaine sa chás seo. Ach níor

sholáthair an t-achomharcóir sonraí d'ioncam a fir chéile ó fhostaíocht agus ba é cinneadh an Oifigigh Bhreithiúnachta gur theip uirthi a thaispeáint nár sháraigh a maoin an teorainn reachtúil. Dúirt an t-achomharcóir go raibh sí féin agus a fear céile idirscartha, cé go raibh siad fós ina gcónaí san aon teach amháin. Dúirt sí go raibh sé fostaithe agus gur íoc sé as an morgáiste, na billí teaghlaigh agus bia ach nach raibh teacht aici ar a dhuillíní pá. Cuireadh litir ar fáil, inar dúradh go raibh an t-achomharcóir ar liosta feithimh an Bhoird um Chúnamh Dlíthiúil. I dtuarascáil a cuireadh faoi bhráid an Oifigigh Bhreithiúnachta, ghlac an Cigire Leasa Shóisialaigh a d'imscrúdaigh an cás leis gur mhair sí ar leithligh óna fear chéile faoin díon céanna agus mhol sé gur chiallaigh 'soláthar díreach' €100.00 sa tseachtain ar an mbonn gur íoc a fear as an morgáiste agus na billí. Dhiúltaigh an tOifigeach Breithiúnachta don mholadh, á rá gur bhain soláthar díreach le hiarrthóirí tearmainn amháin agus go raibh buntáiste thuilleamh a fir chéile ag an achomharcóir; iarradh duillín pá ach níor chuir an t-achomharcóir aon ceann ar fáil.

Ag an éisteacht ó bhéal: dúirt an t-achomharcóir go bhfuil páistí fásta aici, agus go bhfanann sí leo ag an deireadh seachtaine. Dúirt sí go gcuireann siad earraí maisíochta agus roinnt airgid ar fáil di. Dheimhnigh sí gur íoc a fear chéile as an morgáiste agus na billí ar fad, agus gur cheannaigh sé an bia: Dúirt sí nár thug sé aon airgead nó íocaíocht chothabhála di, agus dúirt sé gur thoiligh sé na billí ar fad a íoc go dtí go gcinntí ceist a n-idirscartha. Dhearbhagh sí nach raibh aon chumarsáid eatarthu agus gur comhairlíodh di fanacht i dteach an teaghlaigh fad a bhí an próiseas idirscartha ag siúl. Dúirt sí go raibh siad idirscartha go héifeachtach le cúig nó sé bliana, go raibh rudaí imithe in olcas, agus gur chuidigh a fadhbanna tromchúiseacha míochaine leis na deacrachtaí a bhí acu.

Ráiteas/Cinneadh: Dúirt an tOifigeach Achomhairc go raibh an t-achomharcóir suaite go mór le linn na héisteachta. Thug sé dá aire nach raibh an tsláinte go maith aici agus gur chomhlíon sí na coinníollacha cáilitheachta míochaine don scéim. Ba í an mhaoin an

tsaincheist agus, go háirithe, cibé ar cheart an t-achomharcóir a mheasúnú le maoin ó ioncam a fir chéile. Ón bhfianaise ar chomhad, agus fianaise ón gCigire Leasa Shóisialaigh a chuir faoi agallamh í san áireamh, ghlac an tOifigeach Achomhairc go raibh an t-achomharcóir agus a fear ina gcónaí san aon teach amháin ach go raibh siad idirscartha i bhfírinne. Thug sé aird ar ráiteas an Chigire go ndearna sé iarracht meastachán a dhéanamh ar luach na n-aisíocaíochtaí morgáiste agus ar chostas na mbillí teaghlaigh a d'íoc a fear. Thug sé dá aire, áfach, nach bhforáiltear sa reachtaíocht do 'soláthar díreach' ar mhaithe leis an Liúntas Míchumais, ná do 'sochar agus pribhléid' faoi mar a dhéantar maidir leis an Liúntas Cuardaitheora Poist. Ba é a chinneadh nár cheart caitheamh leis an achomharcóir agus lena fear mar lánúin in aontíos ar mhaithe le leas sóisialach agus dá réir sin nár chúil thuilleamh óna fear chéile a chur san áireamh i dtástáil maoin an achomharcóra.

Cinneadh an Oifigigh Achomhairc: Ceadaítear an t-achomharc.

Nóta ar an gcúis/na cúiseanna leis an gcinneadh: Íocaíocht faoi réir thástáil maoin is ea an Liúntas Míchumais agus tá sé ceaptha do dhaoine atá faoi bhac substaintiúil ó thaobh glacadh le fostaíocht a mheastar a bheith oiriúnach dóibh ó thaobh aoise, oideachais agus taithí oibre. Ní mór an bac a bheith ann ar feadh bliana ar a laghad. Sa chás seo, chomhlíon an t-achomharcóir na critéir mhíochaine. Tar éis an fhianaise ar fad atá ar fáil a scrúdú, lena n-áirítear an fhianaise a tugadh ag an éisteacht ó bhéal, táim sásta nár cheart caitheamh leis an achomharcóir agus a céile mar lánúin in aontíos agus sna cúinsí sin nár chúil an t-achomharcóir a mheasúnú le maoin ó thuilleamh [ainm a fir]. Cinnim mar sin gur féidir a maoin ar mhaithe le Liúntas Míchumais a mheasúnú mar neaimhní, agus dá réir sin, go gceadaítear an t-achomharc.

Cás 2012/06 - Liúntas Cúram Baile

An cinneadh faoi achomharc: éileamh diúltaithe – cúis(eanna) tugtha:

Ní fhéachtar ar [J] mar pháiste cáilithe:

Is léir ó d'iarratas go dteastaíonn tacaíocht breise ó do pháiste; ach cé nach bhfuil aon amhras mar gheall ar an bhfáthmheas a rinneadh ar mhíchumas do pháiste, ní léiríonn an fhianaise mhíochaine a cuireadh ar fáil gur mó go mór an cúram agus an aire a theastaíonn ó do pháiste ná an méid cúraim agus aire a theastódh ó pháiste ar an aois chéanna ach nach bhfuil faoi mhíchumas. Dá bhrí sin ní mheastar go gcáilíonn do pháiste don Liúntas Curam Baile.

Fáthmheas: Neamhord Hipirghníomhaíochta an Easnamh Áirde (NHEA)

An Cúlra: Páiste deich mbliana d'aois is ea mac an achomharcóra agus é ar an duine is óige de thriúr.

Ag an éisteacht ó bhéal: pléadh an cheist agus rinne an t-achomharcóir na pointí seo a leanas mar thaca lena dearbhú go gcomhlíonann a mac an coinníoll míochaine cáilitheachta don Liúntas Cúram Baile, mar seo a leanas:

- B'eol di ó bhí sé an-óg go raibh rud éigin cearr le [J]
- Tháinig sé chun solais sa naíscoil, mar ar beag caidrimh a bhí aige leis na páistí eile agus mar ar nós leis greamanna a bhaint as páistí eile agus rudaí eile den sórt sin a dhéanamh
- Bhí fadhbanna aige sa bhunscoil agus cuireadh ar aghaidh é le haghaidh measúnachta
- Rinne síciatraí páistí fáthmheas air
- Chuir an comhairleoir siceolaíochta ar aghaidh é chuig na Seirbhísí Comhairliúcháin do Pháistí tuairim is dhá bhliain ó shin ach tá sé fós ag feitheamh ar choinne

- Beidh an clinic ag scrúdú an gcabhróidh réim cógas leis
- Mhol an múinteoir scoile cógas a thabhairt dó
- Caitheann sé 3 ½ uair an chloig sa tseachtain le múinteoir acmhainne ach níl Cúntóir Riachtanas Speisialta aige
- Tá fadhbanna aige ar scoil agus cuireadh ar fionraí é ar feadh dhá lá le deireanas as páiste eile a bhrú agus droch-chaint a úsáid leis an bpríomhoide
- Imríonn sé peil ach caithfidh an t-achomharcóir a bheith I láthair mar nach dtuigeann sé conas rudaí a roinnt le páistí eile
- Ní féidir leis cairdeas a bhuanú
- Léann sé leabhair ghrinn murar féidir leis é féin a shuaimhniú
- Bíonn troideanna ar siúl i gcónaí sa mbaile
- Bíonn laethanta maithe aige ach fadhb amháin atá aige ná easpa féin-mhuiníne
- Fadhb is ea an obair bhaile ón scoil toisc go mbíonn sé ag bogadh thart an t-am ar fad agus nach féidir leis díriú air, ionas go dtógann sé i bhfad níos faide leis ná mar is gá

Codlaíonn sé réasúnta maith istoíche toisc go mbíonn sé tuirseach tar éis lá lán gníomhaíochta.

Ráiteas/Cinneadh: Thug an tOifigeach Achomhairc dá aire go ndearna síciatraí tuarascáil measúnachta maidir le [J] i mí an Mhárta 2010. Léigh sé an tuarascáil agus chuir sé san áireamh é i dteannta na fianaise eile. Dúirt sé gur fadhb a bhí ann go raibh mac an achomharcóra i gcineál 'liombó' i láthair na huaire, ag feitheamh ar choinne leis na Seirbhísí Comhairliúcháin do Pháistí. Dúirt sé nach raibh an fhianaise mhíochaine cothrom le dáta agus dúirt sé go gcaithfeadh sé an fhianaise sin a chur san áireamh agus cinneadh á dhéanamh aige mar aon leis an fhianaise a bhí tugtha ag an

achomharcóir ag an éisteacht ó bhéal. San iomlán, agus bunaithe ar mheasúnú cúramach ar an fhianaise, lena n-áirítear an fhianaise a tugadh ag an éisteacht ó bhéal, ba é a thuairim go raibh sé soiléir go dteastaíonn cúram agus tacaíochtaí breise ó [J] ach ní raibh sé sásta gur léiríodh gur mó go suntasach an méid cúram agus aire leanúnach a theastaíonn uaidh ná mar a theastódh ó pháiste eile ag an aois chéanna nach bhfuil faoi mhíchumas.

Cinneadh an Oifigigh Achomhairc:

Dícheadaítear an t-achomharc.

Nóta ar an gcúis/na cúiseanna leis an

gcinneadh: San iomlán, agus bunaithe ar mheasúnú cúramach ar an fhianaise, lena n-áirítear an fhianaise a tugadh ag an éisteacht ó bhéal, ba é a thuairim go raibh sé soiléir go dteastaíonn cúram agus tacaíochtaí breise ó [J] ach ní raibh sé sásta gur léiríodh gur mó go suntasach an méid cúram agus aire leanúnach a theastaíonn uaidh ná mar a theastódh ó pháiste eile ag an aois chéanna nach bhfuil faoi mhíchumas.

Cás 2012/07 - Liúntas Cúram Baile

Dhá chinneadh faoi achomharc: dhá éileamh dhiúltaithe – cúis(eanna) tugtha:

Ní fhéachtar ar [S] ná ar [L] mar pháistí cáilithe:

Is léir ó d'iarratas go dteastaíonn tacaíocht breise ó do pháiste; ach cé nach bhfuil aon amhras mar gheall ar an bhfáthmheas a rinneadh ar mhíchumas do pháiste, ní léiríonn an fhianaise mhíochaine a cuireadh ar fáil gur mó go suntasach an méid cúram agus aire leanúnach a theastaíonn uaidh ná mar a theastódh ó pháiste eile ar an aois chéanna nach bhfuil i riocht do pháiste. Dá bhrí sin ní mheastar go bhfuil do pháiste cáilithe don Liúntas Cúram Baile.

Fáthmheas [S]: NHEA, ag scagadh do shiondróm Asperger

Fáthmheas [L]: Neamhord Easnamh Áirde (NEA), fadhbanna céadfacha agus fadhbanna le scileanna luaile.

An Cúlra: Tá cúpla mac ag an achomharcóir, agus iad ocht mbliana go leith d'aois. Rinne sí éileamh ar an Liúntas Cúram Baile i dtaca leis an mbeirt acu, agus dícheadaíodh an dá éileamh.

Ag an éisteacht ó bhéal: dúirt an t-achomharcóir go dteastaíonn cúram agus áird leanúnach óna beirt mhac agus gur mó go suntasach é an cúram agus an áird sin ná an cúram agus an áird a theastódh ó pháistí eile ar an aois chéanna nach bhfuil faoi mhíchumas. Dúirt sí gur thug sí fadhb faoi deara den chéad uair nuair a bhí na páistí dhá bhliain go leith. Ag an am sin ní dúirt an dochtúir teaghlaigh ach go raibh siad lán fuinnimh agus bhí sí ag fáil locht uirthi féin mar bhí dúlagar domhain uirthi tar éis na breithe. Ar deireadh, thug sí chuig paediatraí iad nuair a bhí siad sna bunranganna scoile. Chuir an paediatraí iad ar aghaidh chuig Clinic áitiúil na Seirbhíse Meabhairshláinte do Pháistí agus d'Ógánaigh agus rinneadh fáthmheas ina leith. Dúirt an t-achomharcóir go n-oibríonn sí 20 uair an chloig sa tseachtain.

Pléadh an cheist agus rinneadh na pointí seo a leanas:

- Rinneadh fáthmheas de NHEA maidir le [S] agus tá sé á scagadh le haghaidh Siondróm Asperger faoi láthair
- Rinneadh fáthmheas de NEA maidir le [L] mar aon le fadhbanna céadfacha agus scileanna luaile
- Tá an bheirt pháiste ag tógáil Ritalin
- Níl an cógas sin éifeachtach
- Tugann an t-achomharcóir an cúpla chuig Clinic na Seirbhísí Meabhairshláinte do Pháistí agus d'Ógánaigh trí huair sa tseachtain
- Tá deacrachtaí ag an mbeirt ar scoil
- Níl scileanna sóisialta ag ceachtar den bheirt agus níl siad ag fás aníos ar aon dul le páistí eile, níl siad aibí a dhóthain don aois atá acu
- Ní féidir ligean dóibh súgradh a dhéanamh le páistí eile toisc go dtagann frustrachas agus fearg orthu agus d'fhéadfaidís a chéile nó páiste eile a ghortú de thimpiste

- Caithfear na fuinneoga thuas staighre sa teach a choimeád faoi ghlas ós rud é nach dtuigeann siad céard is dainséar ann
- Ní mór súil a choimeád orthu an t-am ar fad
- Codlaíonn [S] ceithre huair an chloig istoíche ar a mhéad agus nuair a dhúisíonn sé caithfidh sí féin nó a fear chéile bheith ina shuí leis
- Is í an pheil an t-aon spórt a imríonn siad agus fiú ansin caithfidh duine éigin iad a mhaoirsiú
- Déanann [S] fuaimeanna faoi mar a dhéanfadh ainmí agus tá intinn [L] scartha amach i ndomhan samhlaíoch dá chuid féin
- Ní féidir béile a chaitheamh lasmuigh den teaghlach nó bheadh sé ina raic

Tá dúil mhór ag [S] i Lego ach caithfear píosaí nua a sholáthar dó gach cúpla lá

Ráiteas/Cinneadh: Dúirt an tOifigeach Achomhairc gur mheas sé gur duine fírinneach a bhí san achomharcóir agus gur thug sí a cuid fianaise ar shlí inchreidte. Ón fhianaise a cuireadh ar fáil, mheas sé gur léir go gcuireann an cúpla iad féin agus daoine eile, b'fhéidir, i gcontúirt. Bhí sé sásta gur mó go suntasach an cúram agus an aire a theastaíonn uathu ná an cúram agus an aire a theastódh ó pháistí eile ar an aois chéanna agus gur ceart an t-achomharc a cheadú.

Cinneadh an Oifigh Achomhairc: Ceadaítear an t-achomharc.

Cás 2012/08 - Liúntas Cúram Baile

An cinneadh faoi achomharc: éileamh diúltaithe – cúis(eanna) tugtha:

Ní fhéachtar ar [N] mar pháiste cáilithe faoi mar a fhoráiltear faoin Chaibidil 8A den Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh, 2005 ar na cúiseanna seo:

Is léir ó d'iarratas go dteastaíonn tacaíocht breise ó do pháiste; ach cé nach bhfuil aon amhras ann mar gheall ar an bhfáthmheas a rinneadh ar mhíchumas do pháiste, ní léiríonn an fhianaise mhíochaine a cuireadh ar fáil gur mó go suntasach an méid cúraim agus aire a theastaíonn ó do pháiste ná mar a theastódh ó pháiste eile ar an aois chéanna ach nach bhfuil i riocht do pháiste. Dá bhrí sin ní mheastar go bhfuil do pháiste don Liúntas Cúram Baile.

Fáthmheas: míchumas foghlama

An Cúlra: Tá mac [N] an achomharcóra 14 bliana d'aois. Tá sé ag freastal ar scoil a chuireann iar-bhunoideachas speisialaithe ar fáil. Faigheann sé tacaíocht urlabhra agus teangan sa scoil mar chuid den churaclam. Roimhe sin, bhí sé ag freastal ar sheisiúin teiripe urlabhra agus teangan ó bhí sé ceithre bliana nó cúig bliana d'aois. I dtaca leis an iarratas ar Liúntas Cúram Baile, sholáthair a dhochtúir teaghlaigh tuairisc cumais/míchumais, inar measúnaíodh an dá bhuaidh de mheabhairshláinte/iompar agus foghlaim/éirim a bheith sa raon measartha go dian. Mar thaca lena hachomharc, chuir an dochtúir teaghlaigh litir ar fáil inar dúradh go dteastaíonn cúram speisialta 24 uair an chloig sa lá ó [N].

Ag an éisteacht ó bhéal: dheimhnigh an t-achomharcóir go ndearna síceolaí léirmheas ar [N] sa bhliain 2008 nó mar sin. Rinne sí cur síos ar ghnáthlá mar seo a leanas: glaonn sí ar [N] thart faoin a seacht a chlog. Ní maith leis cithfholcadh a bheith aige, mar sin níonn an t-achomharcóir é. Bailíonn an bus é ón teach ar 8.30 ar maidin agus tugtar díreach ar scoil é. Bíonn bricfeasta agus lón aige ar scoil agus filleann sé ar an mbus ar a trí nó mar sin. Tugann an t-achomharcóir a dhinnéar dó ag an mbaile, toisc go bhfuil tábhacht leis an dinnéar dó. Oibríonn sí leis ar an obair bhaile ina dhiaidh sin. Ní théann sé amach ag súgradh toisc go mbíonn páistí eile ag fonóid faoi. Uaireanta tugann an t-achomharcóir é go dtí teach a deirféar nó go dtí an leabharlann.

Dúirt an t-achomharcóir gur furasta áird [N] a bhaint den rud atá á dhéanamh aige. Caitheann sé mórchuid ama ag siúl timpeall an tí; ní féidir leis díriú ar mhórán mar sin ní chaitheann sé

mórán ama i mbun rud ar bith; mar shampla, ní imríonn sé cluichí riomhaire agus ní fhéachann sé ar chláir theilifíse mórán. Dúirt an t-achomharcóir gur deacair di é a choimeád suaimhneach. Bíonn uirthi cabhrú leis ullmhú chun dul a luí agus lena shláinteachas pearsanta. Dúirt sí go ndúisíonn sé san oíche agus go dtagann sé anuas an staighre ach nach cuimhin leis ansin cé'n fáth gur tháinig sé anuas. Leis seo, tá drochstad sa chaint ag [N].

Mhaígh an t-achomharcóir go gcuireann a mac é féin i gcontúirt toisc nach bhfuil ar a chumas déileáil leis an saol laethúil, toisc a dheacra atá sé air díriú ar rud ar bith agus toisc a dhearmadaí is atá sé. Nuair a d'athbhreithnigh an tOifigeach Achomhairc an fhianaise dhoiciméadach, dúirt an t-achomharcóir go lorgódh sí cóip de thuarascáil iomlán an tsíceolaí ar [N] agus go n-iarrfadh sí ar an scoil tuairisc chothrom le dáta a sholáthar ar a dhul chun cinn.

Ráiteas/Cinneadh: Tar éis na héisteachta ó bhéal, fuair an tOifigeach Achomhairc litir ón scoil agus cóip de thuarascáil an tsíceolaí i dtaca le [N]. Agus an t-achomharc á chinneadh, chuir sé san áireamh fianaise an achomharcóra ag an éisteacht agus an fhianaise dhoiciméadach, lena n-áirítear an fhianaise a sholáthair an t-achomharcóir tar éis na héisteachta.

Cinneadh an Oifigh Achomhairc: Ceadaítear an t-achomharc.

Cás 2012/09 - Liúntas Cúram Baile

An cinneadh faoi achomharc: éileamh diúltaithe – cúis(eanna) tugtha:

Ní fhéachtar ar [R] mar pháiste cáilithe faoi mar a fhoráiltear faoin Chaibidil 8A den Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh, 2005 ar na cúiseanna seo:

Is léir ó d'iarratas go dteastaíonn tacaíocht breise ó do pháiste; cé nach bhfuil aon amhras mar gheall ar an bhfáthmheas a rinneadh ar mhíchumas do pháiste, ní léiríonn an fhianaise mhíochaine a cuireadh ar fáil, áfach, gur mó go suntasach an cúram agus an aire a theastaíonn ó do pháiste ná an méid cúraim agus aire a

theastódh ó pháiste ar an aois chéanna ach nach bhfuil faoi mhíchumas Dá bhrí sin ní mheastar go bhfuil do pháiste cáilithe don Liúntas Curam Baile.

Fáthmheas: Neamhord Hipirghníomhaíochta an Easnaimh Áirde, Neamhord Comhordaithe Forbartha, Disléicse, Easuan

An Cúlra: Beirt pháiste atá ag an achomharcóir agus i dtaca leis an bpáiste is sine, atá 13 bliain d'aois, a rinneadh an t-éileamh. Dúradh i dtuarascáil ón tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais gur cuireadh an páiste ar aghaidh lena mheasúnú toisc go raibh sé ar tí tosú ar an iar-bhunscoil agus bhí údar imní ann mar gheall ar a dhul chun cinn agus a iompar. Dúradh i dtuarascáil eile go raibh sé ag freastal ar chlinic de chuid na Seirbhíse Meabhairshláinte do Pháistí agus d'Ógánaigh ar son comhairleoireachta, tar éis an tráma a bhain le féin-mharú a athar.

Ag an éisteacht ó bhéal: bhí aintín an pháiste i dteannta an achomharcóra. Ba é an chéad rud a dúirt sí ná go ndeachaigh féin-mharú a athar i bhfeidhm go mór ar mhothúcháin [R]. Ar aon dul leis an gcéad aighneacht a chuir sí ar fáil, dúirt sí nár thug sí méid na faidhbe faoi deara ar feadh tamaill toisc gur shíl sí gur toradh ar an tráma sin amháin a bhí ann. Bhí sé ag freastal ar chlinic de chuid na Seirbhíse Meabhairshláinte do Pháistí agus d'Ógánaigh ar son comhairleoireachta i gcónaí. Dúirt sí go raibh deacrachtaí leanúnacha aige ar scoil, agus ar deireadh cuireadh ar aghaidh é lena mheasúnú sula rachadh sé isteach san iar-bhunscoil.

Thuairiscigh an t-achomharcóir go bhfuil deacrachtaí móra ag [R] san iar-bhunscoil; níl ar a chumas an obair acadúil a dhéanamh agus táthar ag lorg díolúine ón nGaeilge dó; cuirtear uaireanta teagaisc acmhainne ar fail dó agus is deacair dó obair bhaile a chríochnú nó é féin a eagrú. Dúirt sí go gcaithfidh sí a iallacha a cheangal ar maidir agus a charbhat a chur air toisc gur beag comhordaithe atá aige, déanann sí ceapairí dó, glanann an bord ina dhiaidh agus réitíonn sí a mhála. Dúirt sí go raibh a dheartháir nach bhfuil ach sé bliana d'aois níos inniúla ná é.

Thuairiscigh an t-achomharcóir go mbíonn easuan ar [R] i gcónaí agus gur deacair dó titim ina chodladh. Dúirt sí go bhfágann sé an teilifíseán ar siúl an oíche ar fad ar mhaithe le torann cúlra. Labhair sí faoin bhfrustrachas agus faoin bhfearg a mbíonn air, agus atá ag dul in olcas i gcónaí, agus thacaigh aintín an pháiste léi sa mhéid sin agus dúirt go raibh an bás ag dul in olcas. Dúirt sí go mbuaileann sé ballaí, go ndéanann sé ciceáil, go screadann agus go mbéiceann sé nuair a bhíonn taom feirge air. Dúirt sí go gcaitheann sé go garbh lena dheartháir óg agus gur bhuail sé ise níos mó ná uair amháin. Dúirt sé nach bhféadfadh sé na buachaillí a fhágáil le chéile gan duine ina bhfeighil uair ar bith toisc nach bhféadfadh [R] aire a thabhairt don deartháir óg agus go mbeadh imní uirthi go bhféadfadh [R] an deartháir óg a ghortú. Dúirt an t-achomharcóir gur buachaill gruama é formhór an ama, nach bhféachann sé sa tsúil ar dhaoine agus go mbíonn a lámha ina phócaí aige agus é ag gabháil thart.

Tá neacht agus nia ag an achomharcóir agus iad mórán ar an aois chéanna lena páistí féin. Nuair a chuireann sí a neacht i gcomparáid le [R], dúirt sí gur féidir léi dul amach ag súgradh agus tascanna éagsúla a dhéanamh ar fud an tí, rudai nach bhféadfadh [R] tabhairt fúthu ar chor ar bith.

Mar fhocal scoir, thuairiscigh an t-achomharcóir go bhfreastalaíonn sí féin agus a beirt mhac ar chlinic de chuid na Seirbhíse Meabhairshláinte do Pháistí agus d'Ógánaigh ar son comhairleoireachta, toisc go bhfuil údar imní ann mar gheall ar an ngaol idir na buachaillí. Tá [R] ag súil le coinne ón gclinic i gceann cúpla seachtain chun ceist an chógais a athbhreithniú.

Ráiteas/Cinneadh: Rinne an tOifigeach Achomhairc tagairt don reachtaíocht rialaithe ina bhforáiltear go mbeidh páiste cáilithe don Liúntas Cúram Baile más rud é nach bhfuil 16 bliain slánaithe aige agus go bhfuil sé faoi *mhíchumas trom agus go dteastaíonn cúram agus áird uaidh ar mó go suntasach é ná an cúram agus an áird a theastódh ó pháiste eile ag an aois chéanna*. Lena chois sin, ní mór an leibhéal míchumais a bheith chomh trom sin gur dócha go dteastóidh

cúram agus áird lánaimseartha uaidh nó uaithe go ceann dhá mhí dhéag as a chéile ar a laghad. Sa chás seo, thug an tOifigeach Achomhairc dá aire go raibh trí bliana déag slánaithe ag an bpáiste agus nach raibh aon amhras faoin mhíchumas, ó thaobh déine nó fhaid dóchúil. Mheas sí gurb é an t-aon cheist a bhí le réiteach ná an bhféadfaí a mheas gur páiste cáilithe é [R] ar mhaithe leis an reachtaíocht ná céard é an leibhéal cúraim agus áirde a theastaíonn uaidh i gcomparáid leis an ngnáthleibhéal cúraim agus áirde a theastódh ó leanbh eile den aois chéanna. Tar éis an fhianaise ar fad sa chás a scrúdú, lena n-áirítear an fhianaise a cuireadh i láthair ag an éisteacht ó bhéal agus ag féachaint don fhianaise míochaine a cuireadh ar fáil, chinn sí gur cruthaíodh go dteastaíonn cúram agus áird leanúnach ó mhac an achomharcóra agus gur mheas sí é gur mó go suntasach an cúram agus an áird sin ná mar a bheadh ag teastáil de ghnáth óna chomhpháirtithe. Dá bhrí sin comhlíonadh na critéir cáilithe.

Cinneadh an Oifigh Achomhairc: Ceadaítear an t-achomharc.

Nóta ar an gcúis/na cúiseanna leis an gcinneadh: Tar éis an fhianaise ar fad sa chás a scrúdú, lena n-áirítear an fhianaise a cuireadh i láthair ag an éisteacht ó bhéal agus ag féachaint don fhianaise míochaine a cuireadh ar fáil, cinnim gur cruthaíodh go dteastaíonn cúram agus áird leanúnach ó mhac an achomharcóra, cúram agus áird ar mó go suntasach iad ná mar a bheadh ag teastáil de ghnáth óna chomhpháirtithe. Dá bhrí sin comhlíontar na critéir cáilithe. Éiríonn leis an achomharc sa chás seo.

Cás 2012/10 - Íocaíocht Caomhnóra

An cinneadh faoi achomharc: éileamh diúltaithe – cúis(eanna) tugtha:

Chun cáiliú d'Íocaíocht Caomhnóra (Ranníocach) ní mór do pháiste an sainmhíniú reachtach ar dhílleachta atá in Alt 2(1) den Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh, 2005 [leagtha amach] a chomhlíonadh. Tar éis scrúdú a dhéanamh ar an fhianaise ar fad atá ar fáil sa chás seo, táim sásta go n-eiríonn an socrú

reatha le haghaidh [M] as socrú príobháideach frithpháirteach idir a máthair agus tú féin.

Cuireann a máthair íocaíocht chothabhála ar fáil ina leith óna Sochar Linbh. Dá bhrí sin, ní féidir breathnú ar [M] mar dhílleachta de réir na bhforálacha a rialaíonn an scéim. Mar sin níl íocaíocht Caomhnóra iníoctha ina leith.

An tSaincheist: An raibh an ceart ag an Oifigeach Breithiúnachta an cinneadh sin a dhéanamh.

An Cúlra: Bhí fadhbanna sláinte ag iníon an achomharcóra agus bhí an t-achomharcóir ag tabhairt aire dá gariníon ar bhonn laethúil. Tá athair an pháiste básaithe.

Ag an éisteacht ó bhéal: bhí an Cigire Leasa Shóisialaigh i láthair ar iarratas an Oifigigh Achomhairc. Seo an méid a dúirt an t-achomharcóir:

- Bhí Sochar Linbh á íoc le máthair an pháiste i gcónaí.
- Ní dhearna sí (an t-achomharcóir) iarratas foirmiúil ar chúram a gariníne.
- Maireann an páiste in éineacht leis an achomharcóir an t-am ar fad agus tugann a máthair cuairteanna uirthi ansin, agus tugann an t-achomharcóir í ar cuairt chuig a máthair.
- Bhí máthair an pháiste tar éis dul isteach san ospidéal le haghaidh imscrúdú ar a riocht sláinte (an chéad uair di bheith san ospidéal).
- Bhí máthair an pháiste ag obair ar scéim Fostaíocht Pobail fiche uair an chloig sa tseachtain (5 lá na seachtaine).
- Is féidir le máthair an pháiste formhór na ngníomhaíochtaí laethúla a chur i gcrích ach tagann tuirse uirthi go heasca. Tiomáineann sí agus tá sí in ann bogadh thart timpeall ar a conlán féin le maide ach thit sí go minic le deireanas.
- Is í máthair an pháiste an chéad phointe teagmhála ag an scoil; dá mba ghá

ghlaofadh sí ar an achomharcóir chun dul go dtí an scoil.

- Is í an t-achomharcóir a chuireann éadaí agus bia ar fáil dá gariníon. Ní ghlacann an t-achomharcóir I gcónaí le hairgead a thairgeann máthair an pháiste di.

Ráiteas/Cinneadh: An cheist atá le réiteach ná cibé an bhféadfaí dílleachta a thabhairt ar an bpáiste [M] ar mhaithe le híocaíocht Caomhnóra. Thug an tOifigeach Achomhairc dá aire gur mar seo a leanas a sainmhínítear dílleachta san Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh 2005:

Ciallaíonn 'dílleachta' páiste cáilithe:

- (a) a bhfuil an bheirt tuismitheoir básaithe, nó
- (b) a bhfuil tuismitheoir amháin básaithe nó neamhaithnid nó gur thréig sé/sí an páiste nó gur theip air/uirthi soláthar a dhéanamh don pháiste, faoi mar a bheadh, agus i gcás an tuismitheora eile
 - (i) nach eol cé hé/hí, nó
 - (ii) gur thréig sé/sí an páiste agus nach ndéanann sé/sí aon soláthar don pháiste, i gcás nach bhfuil an páiste ag maireachtáil le tuismitheoir, tuismitheoir altramais nó leatuismitheoir.

Thug an tOifigeach Achomhairc dá aire go raibh athair an pháiste básaithe, agus gur chuir riocht míochaine a máthar srianta áirithe ar a cumas cúram a thabhairt. Thug sé dá aire, leis, gur mhair an páiste go lánaimseartha leis an tseanmháthair ach gur thug a máthair cuairteanna uirthi agus gur thug an páiste cuairteanna ar an máthair go minic. Thug sé dá aire gur nós leis an máthair airgead a thairiscint don tseanmháthair as cothabháil a hiníne ach nár ghlac an seanmháthair leis i gcónaí. Lena chois sin, dúirt sé gur ag an máthair a bhí an coimeád dlíthiúil agus gur léi a íoctar Sochar Linbh chomh maith le méadú i leith leanbh cáilithe ar a Pinsean Marthanaigh.

Tar éis an fhianaise ar fad a bhí ar fáil a chur san áireamh, ní raibh an tOifigeach Achomhairc sásta gur chruthaigh na socrúithe cúraim don pháiste seo, faoinar mhair sí lena seanmháthair, go raibh sí tréigthe ag a máthair nó nach raibh a máthair ag déanamh soláthair di. Dá réir sin, níor mheas sé go bhféadfaí breathnú ar an bpáiste

mar dhílleachta ar mhaithe leis an reachtaíocht rialaithe.

Cinneadh an Oifigigh Achomhairc:

Dícheadaítear an t-achomharc. Cinnim nach dílleachta í [M] ar mhaithe leis an reachtaíocht leasa shóisialaigh.

Nóta ar an gcúis/na cúiseanna leis an

gcinneadh: Tar éis an fhianaise ar fad a bhí ar fáil a chur san áireamh, nílim sásta go gcruthaíonn na socrúithe cúraim don pháiste seo, faoina mhaireann sí lena seanmháthair, go bhfuil sí tréigthe ag a máthair nó nach bhfuil a máthair ag déanamh soláthair di. Dá réir sin, níl an t-achomharcóir i dteideal Íocaíocht Caomhnóra a fháil ina leith. Is oth liom nach gceadaítear a hachomharc.

Cás 2012/11 - Íocaíocht Caomhnóra (Ranníocach)

An cinneadh faoi achomharc: éileamh diúltaithe – cúis(eanna) tugtha:

Chun cáiliú d'Íocaíocht Caomhnóra (Ranníocach) ní mór do pháiste an sainmhíniú reachtach ar dhílleachta atá in Alt 2(1) den Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh, 2005 [leagtha amach] a chomhlíonadh. Tar éis scrúdú a dhéanamh ar an fhianaise ar fad atá ar fáil sa chás seo, táim sásta go dtagann an socrú reatha le haghaidh [N] de shocrú príobháideach frithpháirteach idir a mháthair agus tú féin. Tá a mháthair ina cónaí in éineacht leis anois ag do sheoladh. Dá bhrí sin, ní féidir féachaint ar [M] mar dhílleachta de réir na bhforálacha a rialaíonn an scéim. Mar sin níl Íocaíocht Caomhnóra iníoctha ina leith.

An Cúlra: D'éiligh an t-achomharcóir Íocaíocht Caomhnóra (Ranníocach) sa bhliain 2010 maidir lena garmhac [N]: bhí a athair I bpríosún agus bhí a mháthair imithe thar sáile. D'fhill sí roinnt míonna níos déanaí agus diúltaíodh éileamh an achomharcóra mar a sonraíodh thuas.

Ag an éisteacht ó bhéal: d'ionadaigh dlíodóir ó Ionad Dlí an Taobh ó Thuaidh don achomharcóir. Bhí an Cigire Leasa Shóisialaigh agus an

tOifigeach Breithiúnachta i láthair, ar iarratas an Oifigigh Achomhairc. Thuairiscigh an Cigire gur chas sí ar an achomharcóir ag an teach mar a raibh cónaí uirthi lena fear chéile, a hiníon agus [N]. Dheimhnigh sí go raibh sí sásta go raibh an t-achomharcóir ag tabhairt aire do [N] fad a bhí a mháthair as láthair ón Stát.

Dúirt dlíodóir an achomharcóra go ndearnadh cinneadh ar an gceist seo tar éis d'iníon an achomharcóra teacht ar ais agus mhol sí, dá réir, gur cinneadh nach raibh san asláithreacht ach asláithreacht shealadach. D'áitigh sé go bhféadfadh cinneadh difriúil a bheith déanta dá mba rud é gur próiseáladh an t-éileamh ar dháta an iarratais. Thagair sí do thuarascáil an Chigire agus do theidlíocht an achomharcóra ar íocaíocht fad is a bhí a hiníon as láthair ón Stát, agus mhol sí, leis, don achomharcóir teagmháil a dhéanamh le rannóg Íocaíochtaí Caomhnóra na Roinne féachaint an raibh an íocaíocht iníoctha maidir leis an tréimhse ina raibh a hiníon ag freastal ar chúrsa athshlánaithe. D'áitigh sí nár tthángthas ar aon fhianaise a léireodh socrú idir an t-achomharcóir agus a hiníon maidir le cúram [N], mar a cuireadh i bhfios leis an gcinneadh diúltú dá héileamh. Thar ceann an achomharcóra, shéan sí go raibh socrú dá shórt ann agus mhaígh go raibh an cinneadh éagórach ar an mbonn sin.

Dúirt an t-achomharcóir gur andúileach drugaí ab ea a hiníon, gur chaith sí go trom agus go mbeadh sí ar iarraidh ar feadh cúpla lá as a chéile ag amanna; ar na hócáidí sin thabharfadh sise aire do [N]. Maidir leis an tréimhse i gceist, dúirt sí nach raibh fáil ar a hiníon agus gur shíl sí nach mbeadh sí ar iarraidh ach ar feadh tréimhse ghearr, mar ba ghnách. Ach nuair nár fhill sí laistigh de sheachtain, tháinig an-imní uirthi. Dúirt sí go bhfuair sí amach, leis, go raibh páirtí nua ag a hiníon. Tar éis ocht lá, fuair sí glao gutháin óna hiníon inar inis sí di go raibh sí i dtír eile. Dúirt an t-achomharcóir gur dheacair ciall a bhaint as an méid a bhí á rá aici. Dúirt sí, leis, gur ghlac sí leis ag an bpointe sin go bhfillfeadh a hiníon go luath. Ach d'éirigh sí níos buartha mar gheall ar shábháilteacht a hiníne agus d'inis an scéal do na gardaí agus don ambasáid Éireannach chuí. Ar deireadh, fuair sí uimhir fóin do bhuachaill a hiníne agus rinne

teagmháil léi ar an tslí sin. D'inis a hiníon di go raibh i gceist aici fanacht mar a raibh sí agus ba chosúil nár chuir sí spéis i leas a mic. Tar éis cúpla mí, cheannaigh sí ticéad abhaile di. Thuairiscigh sí go ndeachaigh a hiníon isteach in ionad athshlánaithe ar theacht ar ais go hÉirinn di agus lean sise d'aire a thabhairt do [N]. Dúirt sí nár iarr sí íocaíocht maidir leis an tréimhse sin, nár theastaigh uaithi ach íocaíocht maidir leis an tréimhse ina raibh a hiníon thar lear tar éis a mac a thréigean go héifeachtúil.

Dúirt an t-achomharcóir go raibh eagla uirthi coimeád dlíthiúil a lorg i ngeall ar an aois a bhí aici, agus toisc go raibh eagla uirthi nach ligfí di féin agus dá fear chéile N] a choimeád. Dheimhnigh sí go raibh sí ag fáil Sochar Linbh agus go raibh a fear chéile ag fáil méadú i leith páiste cáilithe ar a phinsean. Ar deireadh dúirt sí nach raibh a hiníon ag caitheamh drugaí le cúpla mí anuas agus go raibh dealramh níos fearr ar a cás anois.

Ráiteas/Cinneadh: Bhí an tOifigeach Achomhairc sásta gur thacaigh an fhianaise dhoiciméadach leis an gcás a bhí tuairiscithe ag an achomharcóir. Dúirt sé gur bhain an cinneadh chun an t-éileamh a dhiúltú le pointe ama tar éis dháta an iarratais agus, ar bhreathnú siar, le fillleadh iníon an achomharcóra ar Éirinn. Dúirt sé gur thagair an tOifigeach Breithiúnachta do chomhaontú a rinneadh idir an t-achomharcóir agus a hiníon gan aon fhianaise ar chomhaontú dá shórt agus mar sin ní raibh ann ach tuairimíocht. Scrúdaigh sé an cheist faoinar chreid an t-achomharcóir, tráth an iarratais, go raibh [N] tréigthe ag a hiníon. Bunaithe ar nádúr athraitheach iompar a hiníne toisc í a bheith ag caitheamh drugaí, agus ar chuntas an achomharcóra ar an tslí inar imigh sí agus ar an fhad a bhí sí as láthair, mheas sé go raibh sé réasúnta gur cheap sí é sin. Dúirt sé gur aithin an Roinn é sin, i bhfrinne, trí Shochar Linbh a íoc léi agus trí mhéadú i leith páiste cáilithe a chur le pinsean a fir.

Thug an tOifigeach Achomhairc dá aire go dtagraíonn an reachtaíocht rialaithe do thréigean mar cheann de na critéir chun a chinneadh arbh fhéidir breathnú ar pháiste mar dhílleachta ar mhaithe le hÍocaíocht Caomhnóra. Scrúdaigh sé

an sainmhíniú dlíthiúil ina ndeirtear: *tagraíonn tréigean do rogha tuismitheora tacaíocht fhisiceach, mhothúchánach agus airgeadais a choimeád siar go toiliúil ó pháiste mionaoiseach. I bhfocail eile, tréigean is ea tuismitheoir neamhchoinneála a theipeann air nó uirthi freagrachtaí tuismitheora a chomhlíonadh agus a roghnaíonn gan teagmháil a bheith aige nó aici lena pháiste nó lena páiste.* Mheas sé gurb é sin díreach an rud a tharla sa chás seo, agus dá mba rud é go ndearna an Roinn a imscrúdú sular tháinig iníon an achomharcóra ar ais, go mbeadh toradh difriúil air, ag féachaint don fhianaise atá ar fáil.

Thug an tOifigeach Achomhairc dá aire nach bhfuil rud ar bith sa reachtaíocht leasa shóisialaigh a luann tréimhse ama ar cheart a chur san áireamh in aon chás de thréigean pháiste, nó tréimhse ama a chaithfidh a bheith istigh sular féidir a mheas go bhfuil tréigean ann. I gcomparáid leis sin, thug sé dá aire go ndírítear ar an bhfadhb seo in áit eile sa reachtaíocht maidir le huchtú. Sa chás seo, agus ar mhaithe le cinneadh a dhéanamh, roghnaigh sé dátaí bunaithe ar fhianaise inar dearbhaíodh gurbh éigean don achomharcóir agus dá céile aire a thabhairt do [N] ar dtús go dtí an dáta díreach roimh fhilleadh iníon an achomharcóra.

Cinneadh an Oifigh Achomhairc: Ceadáítear an t-achomharc.

Nóta ar an gcúis/na cúiseanna leis an gcinneadh: Tar éis an fhianaise ar fad sa chás seo a bhreithniú, lena n-áirítear fianaise a cuireadh ar fáil ag an éisteacht ó bhéal, cinnim go bhfuil an t-achomharcóir i dteideal Íocaíocht Caomhnóra (Ranníocach) maidir lena garmhac [N], i leith an tréimhse ó [dáta sonraithe] 2010 go [dáta sonraithe] 2011.

Cás 2012/12 - Liúntas Cuardaitheora Poist (Maoin)

An cinneadh faoi achomharc: éileamh diúltaithe – cúis(eanna) tugtha:

Tá tú i dteideal Liúntas Cuardaitheora Poist ón [dáta sonraithe] ag an ráta a thaispeántar i leath an ráta a íoctar le lánúin lúide €41.00 de mhaoín sa tseachtain.

Toisc go bhfuil íocaíocht leasa shóisialaigh d'á cuid féin á íoc le do pháirtneír shibhialta tá d'íocaíocht sheachtainiúil teoranta don mhéid seo.

An tSaincheist: Comhchónaí.

An Cúlra: Measúnaíodh an t-achomharcóir le €41.00 de mhaoín bunaithe ar ioncam a pháirtneára ó fhostaíocht pháirtaimseartha. Chinn an tOifigeach Breithiúnachta go raibh sé ag comhchónaí le duine [ainmnithe] a thug ainm an achomharcóra mar a páirtneír agus iarratas á dhéanamh aici ar Liúntas Cuardaitheora Poist ina hainm féin. Shéan an t-achomharcóir gur páirtneírí a bhí iontu agus dúirt go raibh botún déanta aici. Dúirt sé gur col ceathracha a bhí iontu.

Ag an éisteacht ó bhéal: mhínigh an tOifigeach Achomhairc don achomharcóir an tslí inar ríomh sé €115 mar an ráta íocaíochta. Dúirt sé leis gur mheas an tOifigeach Breithiúnachta gur páirtneír leis a bhí sa duine [ainmnithe] toisc gurbh é sin a dúirt sí agus foirm á comhlánú aici. Bhí an tOifigeach Achomhairc tar éis iarraidh ar an duine sin [ainmnithe] teacht chun na héisteachta ach níor tháinig sí.

Dúirt an t-achomharcóir gur iarradh ar an duine ainmnithe agus an fhoirm á comhlánú aici, cé eile a bhí ina chónaí sa teach léi, agus thug sí ainm an achomharcóra. Nuair a d'iarr an tOifigeach Achomhairc conas arbh eol di a uimhir PSP, dúirt sí gur iarr sí an uimhir air i nglao gutháin. Bhí sé diongbháilte nár pháirtneír leis an duine ainmnithe. Dúirt sé gur bhog sé amach as teach a thuismitheoirí toisc plódú. Dúirt sé go raibh a dheartháir faoi mhíchumas agus gur ghá dó a sheomra féin a bheith aige, agus bhí fianaise mhíochaine aige a dheimhnigh míchumas a dheartháir. Dúirt an t-achomharcóir gur íoc sé a chíos ar leithligh agus go raibh litir aige ón PRTB (Bord na dTionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha), a cuireadh chuige féin amháin, á rá gur cláraíodh é ina thionónta. Dúirt sé dá dteipfeadh ar an achomharc go mbeadh air dul ar ais go teach a thuismitheoirí agus go mbogfadh a dheirfiúr isteach sa teach leis an duine ainmnithe. Dúirt sé go raibh €2,500 nó mar sin aige ar a mháthair.

Ráiteas/Cinneadh: Sa chás seo, bhí Liúntas Cuardaitheora Poist á íoc leis an achomharcóir ó dháta [sonraithe] sa bhliain 2012 ar leath an ráta lánúine lúide €41.00 sa tseachtain. Chinn an tOifigeach Breithiúnachta go raibh sé ag comhchónaí le duine [ainmnithe] toisc gur shínigh síse roimhe sin foirm athéilimh ar an Liúntas Cuardaitheora Poist á rá gurbh é an t-achomharcóir a páirtneír. Cuireadh an comhad ar aghaidh go dtí an Cigire Leasa Shóisialaigh chun go ndéanfaí athbhreithniú ar a mhaoín. Thug an tOifigeach Achomhairc dá aire nach ndearna an Cigire athbhreithniú ar mhaoín ós rud é go raibh an cinneadh faoi achomharc. Ach bhí agallamh curtha aici ar an achomharcóir faoi dhó agus ar an dá ócáid shéan sé gur ball de lánúin é. Shíl an Cigire go raibh caidreamh aige leis an mbean mar a bhí tuairiscithe san fhoirm a shínigh an duine ainmnithe.

Thug an tOifigeach Achomhairc ráiteas an achomharcóra dá aire, ráiteas inar dúradh nuair a bhí an duine ainmnithe ag déanamh a héilimh, gur iarradh uirthi cé eile a bhí ag cónaí sa teach léi: gur thug sí ainm an achomharcóra agus go bhfuair sí a uimhir PSP uaidh i nglao gutháin. Mheas sé go bhféadfadh sin a bheith fíor nó bréagach ach go raibh sé measartha inchreidte sa chás seo. Scrúdaigh sé an fhoirm éilimh agus dúirt gur líon Bainisteoir na hOifige Brainse Leasa Shóisialaigh an fhoirm, agus gur shínigh an duine ainmnithe í ina dhiaidh sin. Dúirt sé go bhféadfadh sé nár thuig sí an rud a bhí á shíniú aici toisc go raibh a síniú ar leathanach eile seachas ar an leathanach ar ar ainmníodh an t-achomharcóir mar a páirtneír. Thug an tOifigeach Achomhairc dá aire nach raibh aon fhianaise eile ann ar chomhchónaí, agus nach ndearnadh an comhchónaí a imscrúdú mar atá leagtha amach sna Treoirinte Oibríochta a eisíonn an Roinn Coimire Sóisialai dá foireann (www.welfare.ie/en/Pages/Cohabitation.aspx). In éagmais imscrúdú dá shórt, chinn sé gur teoranta an fhianaise ar chomhchónaí a bhí ann, agus nach raibh sé thar amhras. Sna cúinsí, mheas sé nach raibh de rogha aige ach cinneadh a dhéanamh nár cruthaíodh an comhchónaí.

Cinneadh an Oifigh Achomhairc: Ceadáitear an t-achomharc.

Cás 2012/13 - Sochar Cuardaitheora Poist

An cinneadh faoi achomharc: éileamh diúltaithe – cúis(eanna) tugtha:

Tá d'iarratas ar Shochar Cuardaitheora Poist á dhícheadú ar an mbonn nach bhfuil tú ar fáil d'obair lánaimseartha agus nach bhfuil tú dífhostaithe. Tíocfaidh an cinneadh seo i bhfeidhm ar an [dáta sonraithe] 2012.

Reachtaíocht An tAcht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh, 2005, Alt 62 (a) (ii) agus (iii).

An tSaincheist: Infhaighteacht le dul i mbun oibre go lánaimseartha/Dífhostaíocht.

An Cúlra: Bhí an t-achomharcóir fostaithe i gcuideachta áitiúil déantúsaíochta. Thosaigh sé ag obair leis an gcuideachta sa bhliain 2010 agus fostaíodh é ar chonradh téarma seasta. D'atheagraigh an cuideachta an lucht saothair sa bhliain 2012 agus aistríodh an t-achomharcóir, in aghaidh a thola, ó chúig lá oibre sa tseachtain go dhá lá oibre ag an deireadh seachtaine, ar sheal 12 uair an chloig. D'fhreagair an cuideachta le hiarratas ar shoiléiriú ón Oifigeach Breithiúnachta, ag deimhniú gur aistrigh siad cuid dá bhfostaithe ó obair lae seachtaine go sealobair ag an deireadh seachtaine de bhrí go raibh méadú ar an éileamh ar aschur ag an deireadh seachtaine. Dúirt siad go raibh aistriú mar sin sainithe i gcomhaontuithe idir an cuideachta agus na ceardchumann agus gur cleachtas caighdeánach é i gcásanna dá sórt. Luaigh siad, leis, gur iarr siad ar bhaill foirne glacadh le hathlonnú go deonach ach gurbh éigean dóibh baill foirne a aistriú go neamhdheonach ina dhiaidh sin chun bearnaí áirithe a líonadh. Dheimhnigh siad gur aistrigh an t-achomharcóir ar iarratas uathu go hobair dheireadh seachtaine agus gur aistriú neamhdheonach a bhí ann. Ina achomharc, dúirt an t-achomharcóir gur chaill sé uaireanta oibre agus ioncam dá bharr, go raibh sé ar fáil chun oibre sa tréimhse tagartha Luan go hAoine agus go raibh oibreoirí eile a bhí inchurtha leis i mbun sealoibre agus ag fáil liúntas leasa shóisialaigh.

Ag an éisteacht ó bhéal: bhí an t-achomharcóir i láthair i gcuideachta duine a oibríonn lena Theachta Dála áitiúil. D'fhreastail an tOifigeach

Breithiúnachta ar an éisteacht ar iarratas ón Oifigeach Achomhairc, mar ab amhlaidh i gcás bhainisteoir na hOifige Áitiúla Leasa Shóisialaigh. Tar éis an cinneadh a léamh, thug an tOifigeach Breithiúnachta cúlra an cháis. Dúirt sí nárbh eol di aon chás eile den sórt a ceadaíodh agus dúirt sí gur dícheadaíodh cásanna eile dá shórt agus gur seasadh leis na cinní sin ar achomharc. Dúirt sí, leis, gur fhostaigh an cuideachta fostaithe breise idir an dá linn, agus mhaígh sí gur léirigh sin nár léirigh an laghdú i laethanta oibre an achomharcóra aon laghdú ar an obair ach gurb é nádúr an chonartha é, a cheadaigh don cuideachta an lucht saothair a eagrú sna pátrúin oibre ab fhearr a d'oirfeadh don éileamh.

Mhaígh an t-achomharcóir nár iarr sé an t-aistriú agus gur chaill sé obair agus ioncam toisc gur laghdaíodh go suntasach a laethanta oibre sa tseachtain. Dúirt sé gur shásaigh sé gach coinníoll reachtúil eile a ba ghá chun Sochar Cuardaitheora Poist a fháil, agus mheas sé go raibh sé ar fáil chun oibre agus ag lorg oibre go fírinneach. Maidir leis sin, sholáthair sé fianaise ar iarratas a rinne sé ar phost mar oibreoir ginearálta leis an údarás áitiúil. Dúirt sé, leis, gur chuir sé isteach ar phost eile laistigh den cuideachta, post a fógraíodh le deireanas. Ar deireadh, dúirt sé go raibh sé ullamh, i gcás go bhfuair sé fostaíocht oiriúnach eile, fógra a thabhairt d'á fhostóir reatha agus dúirt sé gur ghlac sé le post ó shin ar chonradh téarma socraithe le cuideachta [ainmnithe] eile go ceann trí mhí.

Mhaigh tacadóir an achomharcóra go raibh sé i dteideal tacaíocht sochair a lorg ós rud é gur laghdaíodh a 'sheachtain' fostaíochta in aghaidh a thola. Mhaígh sé go raibh an t-achomharcóir ar fáil chun oibre agus ag lorg post lánaimseartha eile go fírinneach agus go raibh sé toilteanach an post a bhí aige a scor dá bhfaigheadh sé post eile.

Ráiteas/Cinneadh: Thagair an tOifigeach Achomhairc d'fhorálacha na reachtaíochta leasa shóisialaigh ina bhforordaítear nach bhféachfar ar lá mar lá dífhostaíochta ach amháin má tá an duine ag lorg oibre go fírinneach ar an lá sin ach

nach féidir leis fostaíocht oiriúnach a fháil. Forordaítear, leis, sa reachtaíocht go meastar duine a bheith ar fáil chun oibre i gcás gur féidir leo a thaispeáint go bhfuil siad toilteanach agus ábalta, láithreach, glacadh le tairiscint d'obair lánaimseartha. Thug sé dá aire maíomh an achomharcóra go raibh sé ar fáil chun oibre, go raibh sé ag lorg oibre ó cheann ceann na tréimhse cuí, agus go raibh sé sásta an post a bhí aige a fhágáil dá bhféadfadh sé fostaíocht lánaimseartha oiriúnach eile a fháil.

D'fhéach an tOifigeach Achomhairc go háirithe ar shonraí an chonartha agus ar an léirmhíniú a rinne an tOifigeach Breithiúnachta. Níor iarr an t-achomharcóir a sheal oibre a athrú, rud nár conspóideadh, agus mheas an tOifigeach Achomhairc gur gné chriticiúil den chás a bhí ansin. Thug sé dá aire gur glacadh leis gurb é nádúr an chonartha go raibh pátrúin sealobre difriúla ag an bhfostóir ionas go mbeadh solúbthacht ann chun éilimh tháirgeachta a chomhlíonadh, i measc rudaí eile. Comhaontú ab ea é idir an chuideachta agus an comharchumann. Thug an tOifigeach Achomhairc dá aire gur shonraigh téarmaí an chonartha sealobair áirithe, Luan go hAoine, agus tagraíodh ann do shealanna eile a d'fhéadfaí a thabhairt isteach tar éis an chéad tréimhse oiliúna a bheith críochnaithe.

Thug an tOifigeach Achomhairc faoi deara go leagtar amach i gconradh fostaíochta, óna nádúr, coinníollacha fostaíochta, cearta, freagrachtaí agus dualgais an fhostaí. Is gnách an dá pháirtí (fostóir agus fostaí) a bheith faoi cheangal ag téarmaí an chonartha fad is a bhíonn sé i bhfeidhm. Sa chás seo, thug sé dá aire gur soláthraíodh sa chonradh sainmhíniú soiléir ar na téarmaí agus na coinníollacha a bhain leis an bpost; soláthraíodh ann, leis, do sholúbthacht sa lucht saothair ag féachaint don sreabhadh oibre agus d'éilimh an ghnó.

Ghlac an tOifigeach Achomhairc leis gur aistríodh an t-achomharcóir go hobair dheireadh seachtaine in aghaidh a thola, cé gur foráladh dó sin sa chonradh, agus gur laghdaíodh a sheachtain oibre agus a ioncam. Chinn sé gur laghdaíodh go suntasach fostaíocht an achomharcóra cé gur foráladh i dtéarmaí agus i

gcoinníollacha an chonartha le haghaidh athrú den sórt sin. Ach níor fhág sé sin nach bhféadfadh an t-achomharcóir cur isteach ar Shochar Cuardaitheora Poist i gcás gur laghdaíodh a ghnáthuaireanta oibre, bíodh is gur ghlac sé leis an gconradh ar an gcéad dul síos. Glacadh leis gur athraigh sé go dtí an socrú sealobre nua laghdaithe in aghaidh a thola.

Chinn an tOifigeach Breithiúnachta nach raibh an t-achomharcóir ar fáil le haghaidh obair lánaimseartha bunaithe ar an gcoinníoll maidir le Seirbhís Eisiach a sonraíodh sa chonradh. Thug an tOifigeach Achomhairc an tagairt dá aire, mar seo a leanas: *Faoin Acht um Eagrú Ama Oibre, féadfaidh fostaí 48 uair an chloig sa tseachtain ar a mhéad a oibriú. Ní mór d'fhostaithe iarratas scríofa a dhéanamh chuig an rannóg Acmhainní Daonna chun glacadh le hobair lasmuigh den chuideachta. Mheas sé, sa chomhthéacs, nár bhain an coinníoll seo le fostaíthe ach amháin mar iallach ar 'fhostaithe' nuair a lorgaíonn siad obair lasmuigh den chuideachta agus é ar intinn acu leanúint mar fhostaí den chéad chuideachta ag an am céanna. Thug sé dá aire maíomh an achomharcóra go raibh sé ar fáil chun obair lánaimseartha agus go raibh iarratas déanta aige ar phost lánaimseartha leis an údarás áitiúil agus ar ar phost lánaimseartha eile sa chuideachta. Thug sé dá aire, leis, go raibh post lánaimseartha faighte ó shin ag an achomharcóir le cuideachta eile. Chinn sé go raibh an t-achomharcóir dífhostaithe sa tréimhse cuí agus go raibh sé ar fáil le haghaidh obair lánaimseartha ar aon dul le riachtanais na reachtaíochta.*

Cinneadh an Oifigh Achomhairc: Ceadáítear an t-achomharc.

Nóta ar an gcúis/na cúiseanna leis an gcinneadh: Foráiltear sa reachtaíocht leasa shóisialaigh go gcaithfidh duine a bheith dífhostaithe agus ar fáil chun oibre chun cáiliú do Shochar Cuardaitheora Poist.

Tar éis an fhianaise a scrúdú, lena n-áirítear an fhianaise a cuireadh ar fáil ag an éisteacht ó bhéal, measaim gur chruthaigh an t-achomharcóir gur chaill sé fostaíocht in aghaidh a thola agus go bhfuil sé ar fáil chun oibre, ar aon dul leis an reachtaíocht rialaithe. Ceadáítear an t-achomharc ar an mbonn sin.

Cás 2012/14 - Pinsean Stáit (Ranníocach)

Cinneadh faoi achomharc: diúltú iarratais chun íocaíocht a dhéanamh ó dháta níos luaithe - an chúis/na cúiseanna a tugadh:

Foráiltear in Alt 110 (1) den Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh, 2005, nach measfar go sásaíonn ranníocóir féinfhostaithe na coinníollacha cáilitheachta ach amháin má bhíonn GACH [sic] ranníocaíocht ÁSPC cuí íoctha. Bunaithe ar na ranníocaíochtaí ÁSPC a d'íoc tú mar dhuine féinfhostaithe tá tú cáilithe don Phinsean Stáit (Ranníocach). Ach de réir ár dtaifid, tá fiacha le híoc agat i ranníocaíochtaí ÁSPC maidir leis na blianta 1990/1991. Toisc nach bhfuil gach ranníocaíocht ÁSPC íoctha, meastar nach sásaíonn tú na coinníollacha cáilithe. Dá bhrí sin níl tú i dteideal an phinsin ag an am seo.

An cinneadh dá éis: Bronnaim Pinsean Stáit (Ranníocach) ó [dáta sonraithe] 2010 ag €230.30 d'uasráta.

An Cúlra: Rinne an t-achomharcóir éileamh ar Pinsean Stáit (Ranníocach) ach dícheadaíodh an t-éileamh i dtús báire toisc go raibh ÁSPC de €168.00 i bhfiacha le híoc aige. Bronnadh pinsean ar €230.30 sa tseachtain d'uasráta air le héifeacht ón dáta ar ar íoc sé na fiacha sin. D'achomhairc sé an cinneadh agus d'iarr íocaíocht le héifeacht óna 66ú breithlá. Mhaígh sé go raibh sé comhlíontach i gcónaí agus go gcaithfidh nach ndearna na Coimisinéirí Ioncain tuairisceán ceart leis an Roinn Coimirce Sóisialaí.

Ag an éisteacht ó bhéal: bhí an t-achomharcóir i láthair, i dteannta a chuntasóra a thug ráiteas a dúirt nárbh fhéidir lena chuideachta teacht ar thaifid an achomharcóra don bhliain chánach ábharthach. Dúirt an t-achomharcóir go ndeachaigh sé i mbun gnó sa bhliain 1979 agus go raibh sé cáin-chomhlíontach i gcónaí, toisc nach ndéanfaí a cheadúnas beáir a athnuachan murach é. Dúirt an cuntasóir nár thuig sé conas a d'fhéadfadh ganníocaíocht d'ÁSPC a bheith ann. Bhí sé tar éis seiceáil leis na Coimisinéirí Ioncain agus cé gur dúradh leis nach raibh aon

taifead acu d'fhiacha, dúradh freisin nach mbeadh taifid acu a rachadh siar chomh fada sin. Mhaígh sé gur gearradh pionós neamhchuí ar an achomharcóir as an méid beag d'fhiacha a bhí i gceist. Ar a shon féin, dúirt an t-achomharcóir nár thuig sé conas a d'fhéadfadh €168.00 d'fhiacha a bheith air toisc gur íoc sé i gcónaí an méid iomlán a gearradh air agus nár luigh sé le réasún go gcoimeádadh sé méid chomh beag sin siar. Dúirt an cuntasóir go seiceálfadh sé arís féachaint an bhféadfaí teacht ar an tuairisceán cuí.

Fianaise breise: Thug cuntasóir an achomharcóra fógra measúnachta maidir leis an mbliain chánach i gceist a thaispeáin €880.00 de mheasúnacht ÁSPC. Dúirt sé go raibh cóip faighte aige de litir a cuireadh chuig an achomharcóir, á rá leis go raibh fiacha le híoc aige agus á rá leis go gcaithfeadh sé na fiacha sin a íoc chun deimhniú imréitigh cánach a fháil agus a cheadúnas tábhairneora a choimeád. Mhaígh sé gur luigh sé le réasún gur íoc an t-achomharcóir na fiacha agus go bhfuair sé deimhniú imréitigh cánach chun a cheadúnas a fháil.

Ráiteas/Cinneadh: Scrúdaigh an tOifigeach Achomhairc an t-eolas breise a sholáthair an cuntasóir, a bhí ar aon dul le measúnacht na Roinne. Thug sé dá aire, más ea, nár cuireadh aon fhianaise ar fáil gur íocadh na fiacha. Thug sé dá aire, leis, dearbhú an achomharcóra go raibh sé cáin-chomhlíontach riamh agus gurbh éigean dó a bheith mar sin chun a cheadúnas tábhairneora a athnuachan. Dúirt sé gur dheacair a thuiscint conas a d'fhéadfadh an méid sin a bheith neamh-íoctha, ag féachaint don fhianaise a bhí ar fáil. Ach chruthaigh na taifid go raibh ÁSPC le híoc agus thug an tOifigeach Achomhairc dá aire nárbh fhéidir leis an achomharcóir fianaise a sholáthar i dtaca leis na méideanna a íocadh leis na Coimisinéirí Ioncain maidir leis an mbliain i gceist. Thug sé dá aire gur áitigh an t-achomharcóir nach bhfaigheadh sé deimhniú imréitigh cánach chun a cheadúnas tábhairneora a athnuachan murar íoc sé a fhiacha. B'eol don Oifigeach Achomhairc, más ea, gur léirigh faisnéis a fuarthas ó na

Coimisinéirí Ioncaim (www.revenue.ie) gur féidir deimhnithe a eisiúint i gcásanna áirithe a luaithe a íoctar céatadán d'fhiacha. Sa chás seo, ghlac sé leis go raibh fiacha ÁSPC le híoc ag an achomharcóir nuair a rinne sé a éileamh, agus gur íoc sé na fiacha sin ar [dáta sonraithe], an dáta ónar íocadh a phinsean. Chinn an tOifigeach Achomhairc nárbh fhéidir an Pinsean Stáit (Ranníocach) a íoc roimh an dáta sin, de réir fhorálacha na reachtaíochta leasa shóisialaigh.

Cinneadh an Oifigh Achomhairc:

Dícheadaítear an t-achomharc.

Nóta ar an gcúis/na cúiseanna leis an

gcinneadh: Tar éis an fhianaise a scrúdú, cinnim gur cinneadh ceart é an cinneadh a rinneadh sa chás seo. Níor bhréagnaigh an t-achomharcóir an fhianaise go raibh fiacha ÁSPC le híoc aige tráth a rinne sé an t-éileamh. Bhí Pinsean Stáit á íoc leis an achomharcóir ón dáta a d'íoc sé na fiacha a bhí le híoc, atá ar aon dul le forálacha na reachtaíochta leasa shóisialaigh. Is oth liom, sa chás seo, nach féidir an t-achomharc a cheadú.

Cás 2012/15 - Íocaíocht Teaghlach

Aontuismitheora

An cinneadh faoi achomharc: teidlíocht sa tréimhse shonraithe agus ró-íocaíocht measúnaithe – an chúis/na cúiseanna a tugadh:

Mas is eol duit ní íoctar an liúntas seo le duine atá ag comhchónaí, is é sin, atá ina chónaí nó ina cónaí le duine eile mar lánúin phósta. Táim sásta go raibh tú i gcomhchónaí le [an duine ainmnithe] ón [dáta sonraithe] ar a laghad agus cinnim nach raibh tú i dteideal na hÍocaíochta Teaghlach Aontuismitheora ón dáta sin. De bhrí gur lean tú ort ag briseadh d'Íocaíocht Teaghlach Aontuismitheora suas go dtí an [dáta sonraithe] agus an dáta sin ar áireamh, thabhaigh tú €125,000 de ró-íocaíocht. Rinneadh an cinneadh seo de réir Alt 302 (b) den Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh, 2005.

Ró-íocaíocht: €125,000, laghdaithe dá éis go €98,000.

An Cúlra: Tar éis athbhreithniú ar a héileamh ar Íocaíocht Teaghlach Aontuismitheora, a íocadh i dtús báire mar Shochar Bhanchéile Tréigthe, cuireadh ceist theidlíocht leanúnach an achomharcóra ar aghaidh lena himscrúdú. Maidir leis an imscrúdú, chuir Cigire Leasa Shóisialaigh agallamh uirthi agus mheas go raibh sí i gcomhchónaí le duine ainmnithe. Dícheadaigh an tOifigeach Breithiúnachta a héileamh, ar aon dul leis an gcinneadh a luaitear thuas. Scríobh an tOifigeach Breithiúnachta chuig an achomharcóir chun méid na ró-íocaíochta measúnaithe a chur in iúl di, agus d'iarr uirthi modh aisíocaíochta a roghnú. Ina fhreagra, mhaígh an t-achomharcóir nár scrúdaíodh tosca a cáis ina n-iomláine agus gur cheart a teidlíochtaí a fhritháireamh lena ró-íocaíocht. D'achomhairc sí an cinneadh, á rá nach raibh sa duine ainmnithe ach tionónta a chabhraigh chun na billí teaghlach a íoc. D'fhéach an duine i gceist leis an méid sin a dheimhniú trí ráiteas a sholáthar inar dúradh go raibh sé féin ag íoc cothabhála óna Liúntas Cuardaitheora Poist.

Áthraíodh méid na ró-íocaíochta dá éis chun go gcuirfí san áireamh ann na tréimhsí ina raibh an duine ainmnithe i dteideal an t-achomharcóra a chur ar áireamh mar dhuine fásta cleithiúnach ar a íocaíocht Liúntas Cuardaitheora Poist.

Ag an éisteacht ó bhéal: bhí an t-achomharcóir ann agus cara in éineacht léi. Bhí an Cigire Leasa Shóisialaigh i láthair ar iarratas an Oifigh Achomhairc. mar aon leis an Oifigeach Breithiúnachta.

Thug an tOifigeach Breithiúnachta srac-chuntas ar an gcinneadh faoi achomharc agus dúirt gur bhraith sí ar thuarascáil an Chigire Leasa Shóisialaigh. Maidir leis an duine a ainmníodh sa chinneadh mar chomhchónaitheoir, bhí na rudaí seo a leanas tugtha dá aire ag an gCigire sular cuireadh an t-achomharcóir faoi agallamh:

- bhí sé liostaithe ar chlár na dtogthóirí ag an seoladh céanna agus an t-achomharcóir
- bhí carr agus gluaisrothar aige agus an dá cheann cláraithe ag seoladh an achomharcóra.

- bhí sé cláraithe mar thionónta de chuid an údaráis áitiúil ag seoladh an achomharcóra.

Léigh an Cigire óna thuarascáil, agus dúirt gur chuir sé an t-achomharcóir faoi agallamh ar dháta [sonraithe]. Dúirt sé gur ghlac sí gur chónaigh an té a bhí ainmnithe sa chinneadh ag a seoladh ón uair a chlis ar a phósadh. D'admhaigh sí gur chabhraigh sé leí na billí teaghlaiha a íoc agus gurb é athair a pháiste é. Dúirt an Cigire nár éiligh an t-achomharcóir méadú ina híocaíocht i leith a páiste agus nár thairg sí aon mhíniú air sin. Mheas sé gur dócha go raibh an lánúin ag comhchónaí ón mbliain 1999.

Thar ceann an achomharcóra, dúirt an té a bhí ina cuideachta go raibh an ró-íocaíocht iomarcach agus díréireach. Mhaígh sé gur lig an t-achomharcóir don duine ainmnithe fanacht ina teach le teann comhbhá agus nach raibh aon chobhsaíocht ann sna blianta luatha sin. D'iarr sé cóipeanna de na tuairiscí ar ar bhunaigh an tOifigeach Breithiúnachta a chinneadh agus d'iarr an éisteacht a bheith curtha ar athló ionas go bhféadfadh an t-achomharcóir freagra iomlán a thabhairt ar an gcás a bhí curtha ina leith.

Cuireadh an éisteacht ar athló.

D'iarr an t-achomharcóir cóipeanna de na doiciméid ar fad agus tugadh di iad, chomh maith le cóip de Threoirlínte Oibríochta na Roinne Coimirce Sóisialaí ar Chomhchónaí (www.welfare.ie/en/Pages/cohabitation.aspx)

Ag an éisteacht ó bhéal ationóilte: Na páirtithe céanna a bhí i láthair. Dheimhnigh an t-achomharcóir gur scrúdaigh sí gach fianaise a thacaigh leis an gcinneadh faoi achomharc. Mhaígh sí gur inis sí an fhírinne i ngach gnó a bhí aici leis an Roinn. Dúirt sí nach raibh maoin aici agus gur dheacair di maireachtáil. Dúradh gur thuairiscigh Cigire sa bhliain 1998 nach raibh aon fhianaise ann go raibh comhchónaí ar siúl. D'áitigh an t-achomharcóir nár thuig sí an cheist i gceart agus go raibh a cás réitithe aici féin ó shin maidir le teidlíocht ar íocaíochtaí leasa shóisialaigh. Soiléiríodh é sin chun a mhíniú go raibh sí anois ag fáil íocaíochta mar dhuine fásta

cleithiúnach ar íocaíocht leasa shóisialaigh an duine ainmnithe.

Dúit an tOifigeach Breithiúnachta gur chuir an t-achomharcóir in iúl don Roinn sa bhliain 1997 go raibh a col ceathrair tar éis bogadh isteach léi. An duine ainmnithe a bhí i gceist, mar a fuarthas amach níos déanaí. Dúirt sí, más ea, gur bunaíodh dáta éifeachta an chinnidh ar an dáta ar ar cuireadh an duine ainmnithe ar áireamh mar thionónta de chuid an údaráis áitiúil. D'áitigh an Cigire gur ráiteas míthreorach d'aon turas a bhí sa tagairt don duine ainmnithe a bheith ina col ceathrair ag an achomharcóir mar ba léir ó fhaillí an achomharcóra i dtús báire a nochtadh dó go raibh an duine i gceist ina chónaí ag a seoladh. Thuairiscigh sé nuair a cuireadh an cheist ar an achomharcóir go neamhbhalbh gur admhaigh sí ansin go raibh an duine ainmnithe ina chónaí ann.

Thar ceann an achomharcóra, dúirt a cara gur 'nath cainte Bhlea' Cliathach' ab ea an tagairt don chol ceathrair, agus nárbh iarracht é chun an cigire a chur ar strae. Mhaígh sé go raibh saol deacair ag an achomharcóir agus nár thairbhígh sí den socrú ó thaobh cúrsaí airgeadais de, agus dúirt nár thuig sé conas a d'fhéadfadh an ró-íocaíocht a bheith chomh mór sin.

Ráiteas/Cinneadh: Seo mar a d'achomharcóir an tOifigeach Achomhairc an fhianaise ag tacú leis an gcinneadh go raibh an t-achomharcóir ag comhchónaí leis an duine ainmnithe:

- d'admhaigh an t-achomharcóir go raibh siad ag comhchónaí ó 1997
- bhí sí liostaithe ag an údarás áitiúil mar thionónta sa bhliain 1999
- tá sé liostaithe ag an seoladh sin ar chlár na dtoghthóirí agus tá a chár cláraithe ag an seoladh sin, leis
- mhair an t-achomharcóir agus an duine ainmnithe mar lánúin agus tá páiste orthu
- admhaíonn an t-achomharcóir anois gurb é an duine ainmnithe athair a páiste
- níor nocht an t-achomharcóir breith an pháiste agus roghnaigh sí gan méadú i

leith an pháiste a lorg ar a hÍocaíocht Teaghlach Aontuismitheora

- tá an t-achomharcóir agus an duine ainmnithe cláraithe ar dheimhniú breithe an pháiste mar dhaoine a chónaíonn ag an seoladh céanna
- d'admhaigh an t-achomharcóir go raibh sí ag comhchónaí leis an duine ainmnithe agus gur cuireadh ar áireamh í mar chleithiúnach ar a íocaíocht leasa shóisialaigh
- d'admhaigh an t-achomharcóir gur chabhraigh sé léi na billí teaghlaigh a íoc, idir chíos agus chúram linbh.
- bhí an lánúin i dteannta a chéile ó 1998 ar a laghad, agus chuir sin i bhfios go raibh seasmhacht ann
- dúirt an t-achomharcóir gur thóg sí an páiste ina haonar agus nár chabhraigh an duine ainmnithe léi ach dúirt sí nach raibh mórán idir é agus mórchuid d'fhir eile sa mhéid sin.

D'iarr an t-achomharcóir go gcaithfí léi mar dhuine de lánúin ar mhaithe le leas sóisialach agus laghdaíodh an ró-íocaíocht trí ráta leasa shóisialaigh lánúna a cheadú di i dtréimhse na ró-íocaíochta, tráth nach raibh an duine ainmnithe ag obair

Mheas an tOifigeach Achomhairc gurb é measúnacht réasúnta ná go raibh an t-achomharcóir agus an duine ainmnithe ina gcónaí le chéile mar lánúin i ngaol dlúth seasmhach ón dáta a sonraíodh sa chinneadh. Chinn sé go mbeadh Forlíonadh Ioncam Teaghlaigh ag dul don achomharcóir agus dá páirtneír sna blianta 2004 agus 2005, agus ríomh sé go mbeadh íocaíocht bharúlach de €940 maidir leis an dá bhliain sin ag dul dóibh. Chinn sé an méid sin a bhaint den ró-íocaíocht.

Cinneadh an Oifigh Achomhairc:
Dícheadaítear an t-achomharc.

Nóta ar an gcúis/na cúiseanna leis an gcinneadh: Tar éis an fhianaise sa chás seo, lena n-áirítear an fhianaise a cuireadh ar fáil ag

an éisteacht ó bhéal a scrúdú go cúramach, cinnim gur cruthaíodh go bhfuil an t-achomharcóir [duine ainmnithe] ag comhchónaí ó [dáta sonraíthe]. Cuireann an fhianaise i bhfios go roinneann siad na billí agus na cúraimí tí, go bhfuil freagracht orthu beirt as an bpáiste, agus go léiríonn fad an ghaoil go bhfuil seasmhacht éigin ina ngaol mar lánúin. Faoi mar atá, ní mór dom a chinneadh gur cinneadh cóir é an cinneadh a deineadh mar gheall ar chomhchónaí, agus is oth liom nach féidir an t-achomharc a cheadú.

Cás 2012/16 - Pinsean Stáit (Neamhranníocach)

An cinneadh faoi achomharc: éileamh diúltaithe – cúis(eanna) tugtha:

Cinneadh nach bhfuil tú i dteideal Pinsean Stáit (Neamhranníocach) ó [dáta sonraíthe] toisc gur mó do mhaoin ná an €245.00 sa tseachtain de theorainn reachtúil.

An Cúlra: Rinne an t-achomharcóir iarratas ar Phinsean Stáit (Neamhranníocach) agus dícheadaíodh a éileamh ar na forais gur mó a mhaoin ná an teorainn reachtúil. Chinn an tOifigeach Breithiúnachta go raibh €133,000 curtha ar leataobh aige. Ríomhadh a mhaoin ar an tsuim sin mar aon le €34,500 d'iarmhéid bainc. B'ionann sin agus €167,500. Sa bhliain 2008 dhíol an t-achomharcóir teach a bhí faighte le huacht aige ó chara agus dhíol sé talamh sa bhliain 2009. Thug sé €90,000 do nia leis agus €43,000 dá dheartháir.

Ag an éisteacht ó bhéal: bhí an t-achomharcóir i láthair mar aon le hoibrí dáilcheantair a Theachta Dála áitiúil. D'iarr an tOifigeach Achomhairc ar an gCigire Leasa Shóisialaigh bheith i láthair, ach toisc nach raibh sí ar fáil, léigh sé a tuarascáil. Dúirt an t-achomharcóir go bhfuair sé an teach le huacht, teach a dhíol sé sa bhliain 2008, ó dhuine a bhí ina chara den teaghlach ar feadh a shaoil, agus d'iarr sí air aire a thabhairt dá dheartháir toisc gur chabhraigh an deartháir sin léi. Dá réir sin thug sé €43,000 di chun an t-iarratas sin a shásamh. Dúirt sé gur thug sé €90,000 dá nia toisc go raibh sé féinhostaithe cheana ní raibh aon obair aige anois ach bhí morgáiste le híoc aige. Dúirt sé go

dtiocfadh sé i gcabhair ar dhuine ar bith agus go raibh sé níos tábhachtaí aire a thabhairt dá ghaolta ná an pinsean a fháil. Dúirt sé gur shíl sé go mbeadh dóthain fágtha aige toisc go raibh €30,000 sa bhanc aige ag an am. Ach chosain deisiúcháin ar an teach níos mó ná mar a bhí súil leis. Dúirt go gcaitheann an nia trí seachtaine nó mar sin leis gach bliain agus gurb amhlaidh é ó bhí sé ina pháiste. Dúirt sé gurbh eol dó nach bhfaigheadh sé an pinsean dá mbeadh an t-airgead ó dhíol an tí aige ach níorbh é sin an fáth ar thug sé an t-airgead uaidh. Dúirt sé gur thug sé talamh dá nia, leis. Dúirt sé go raibh díreach os cionn €1,000 d'Aoníocaíocht Feirme ag dul don fheirm seo agus gur thug an nia an t-airgead sin dó. Mar fhocal scoir, dúirt go raibh an talamh díomhaoin, nach mór, gan ach cúpla beithigh air. Thaispeáin sé a leabhar taisce bainc ina raibh €11,000 d'iarmhéid.

Ráiteas/Cinneadh: Thug an tOifigeach Achomhairc dá aire go raibh an t-achomharcóir ag fáil pinsean seanaoise idir 1992 agus 2005, tráth ar athbhreithníodh a mhaoin. Ag an uair sin, measúnaíodh é le €860 sa tseachtain de mhaoin, bunaithe ar chaipiteal a bhí ina sheilbh aige, agus bhí sin os cionn na teorann reachtúla ar mhaithe le pinsean. Rinne sé iarratas ar an bPinsean Stáit (Neamhranníocach) sa bhliain 2011 tar éis airgead a thabhairt dá dheartháir agus dá nia. Thug sé dá aire, leis, gur chinn an tOifigeach Breithiúnachta gur chuir an t-achomharcóir caipiteal ar leataobh chun cáiliú don phinsean agus ar an mbonn sin measúnaíodh an caipiteal sin mar mhaoin.

Ghlac an tOifigeach Achomhairc leis go bhféadfadh sé gur thug an t-achomharcóir airgead dá dheartháir chun mianta an té a d'fhág an teach le huacht aige a shásamh. Ghlac sé leis, chomh maith, go bhféadfadh sé gur thug sé an fheirm dá nia toisc nár dhócha go n-oibreodh sé an fheirm arís ón uair a shroich sé na hochtóidí. Mheas sé, mar sin féin, cé go bhféadfadh sé gur theastaigh uaidh cabhrú lena nia, ba dheacair €90,000 de bhronntanas a mhíniú sa chás seo. Thug sé dá aire go raibh cur amach ag an achomharcóir ar an bpróiseas tástála maoin ón éileamh deiridh a rinne sé agus gur admhaigh sé ag an éisteacht ó bhéal gurbh

eol dó nach bhfaigheadh sé an pinsean fad is a bhí an méid sin airgid aige sa bhanc, cé gur dhúirt sé nach ndearna sé é chun an pinsean a fháil. Sna cúinsí, chinn an tOifigeach Achomhairc gurbh eol dó an toradh a bheadh ar an airgead a thabhairt uaidh, cé go bhféadfadh sé gur theastaigh uaidh cabhrú lena nia. Dá réir sin, bhí sé sásta gur chuir an t-achomharcóir €90,000 ar leataobh agus gur cheart an tsuim sin a mheasúnú mar mhaoin. Nuair a cuireadh an tsuim sin leis an méid a bhí ina chuntas bainc, níorbh ionann é an méid a measúnaíodh ina leith an tráth a rinne sé an t-éileamh, ach bhí sé fós os cionn na teorann reachtúla.

Cinneadh an Oifigh Achomhairc:

Dícheadaítear an t-achomharc.

Nóta ar an gcúis/na cúiseanna leis an

gcinneadh: Ón fhianaise atá ar fáil cinnim gur chuir an t-achomharcóir caipiteal ar leataobh chun cáiliú don Phinsean Stáit (Neamhranníocach) agus go gcaithfear an caipiteal sin a mheasúnú mar mhaoin ar aon dul le forálacha na reachtaíochta leasa shóisialaigh. Mar sin sáraíonn a mhaoin an teorainn reachtúil. Is oth liom, sa chás seo, nach féidir an t-achomharc a cheadú.

Cás 2012/17 - Deontas Cúraim Sosa (Go hachomair)

An cinneadh faoi achomharc: éileamh diúltaithe – cúis(eanna) tugtha:

Níl tú i dteideal Deontas Cúraim Sosa toisc go bhfuil tú fostaithe lasmuigh den bhaile ar feadh breis is 15 uair an chloig sa tseachtain.

An Cúlra: Chónaigh an t-achomharcóir trí mhíle ar shiúl ón té a bhí ag fáil an chúraim. Bhí sí fostaithe ag an té a bhí ag fáil an chúraim ar bhonn lánaimseartha (8 n-uair an chloig sa lá, 6 lá na seachtaine) agus dúirt go raibh sí ar fáil dó 24 uaire an chloig sa lá dá mba ghá. Bhí iarratas déanta ag an achomharcóir ar Liúntas Cúramóra, leis.

Ráiteas/Cinneadh: Thug an tOifigeach Achomhairc dá aire gur measadh gur theastaigh cúram agus aire lánaimseartha ón té a bhí ag fáil

an chúraim agus gur thuairiscigh an Cigire Leasa Shóisialaigh go raibh an cúram agus an t-aire sin á gcur ar fáil ag an achomharcóir. Bhraith sé gurb é an cheist ba thábhachtaí ná gurb é an té a bhí ag fáil an chúraim a bhí ina fhostóir, i mbaile an té sin a bhí an fhostaíocht. Níor agóideadh in aghaidh breis is 15 uaire an chloig sa tseachtain a bheith i gceist. Mheas sé gurb é an cheist a bhí le réiteach, mar sin, ná céard a bhí i gceist nuair a cuireadh an teorannú i bhfeidhm, agus cén chiall a bhí le 'lasmuigh den bhaile'.

Thagair sé do I.R. 142 de 2007, Airteagal 169 (3), ina ndeirtear:

Ar mhaithe le deontas cúraim sosa a d'íocfaí i gcás cúraim agus áird lánaimseartha ... i gcás ina dtaispeántar chun sástacht an oifigigh bhreithiúnachta nó an oifigigh achomhairc go bhfuil soláthar leordhóthanach déanta maidir le cúram an duine i gceist, féadfaidh cúramóir dul i mbun fostaíochta...ar choinníoll nach mairfidh an fhostaíocht...má tá sé lasmuigh den bhaile... breis is 15 uair an chloig sa tseachtain san iomlán.

Mheas an tOifigeach Achomhairc gurb é an chuid ba tháchtachtaí den ráiteas sin 'soláthar leordhóthanach a bheith déanta maidir le cúram an duine i dtrácht'; ní féidir le cúramóir dul i mbun fostaíochta nó aon cheann de na gníomhaíochtaí eile atá sonraithe go dtí go mbíonn an fhoráil sin comhlíonta. Mheas sé go raibh impleacht shoiléir ann, mar sin, gur thagair an fhostaíocht dá dtagraítear san fhoráil ábhartha d'fhostaíocht taobh amuigh de na dualgais chúraim a chuirfeadh an cúramóir i gcrích.

Thug an tOifigeach Achomhairc dá aire gurb é an riachtanas príomhúil san Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh, 2005, agus i Rialachán I.R. 142 de 2007, an cúramóir a bheith ina cónaí nó ina chónaí leis an té atá ag fáil an chúraim. Ní dhéantar coinníollacha agus cúinsí ar leith a shainiú ach amháin mura bhfuil an cúramóir ina cónaí nó ina chónaí leis an té atá ag fáil an chúraim. Mheas sé go ndéantar soláthar sa reachtaíocht do chúramóir a bheith ina chónaí nó

gan a bheith ina chónaí ach go n-idirdhealaítear eatarthu.

Thug an tOifigeach Achomhairc dá aire go mbaineann an coinníoll mar gheall ar obair lasmuigh den bhaile leis an gcúramóir cónaithe agus leis an gcúramóir neamhchónaithe araon, ach go mbíonn cúramóir ar chúramóir neamhchónaithe é lasmuigh dá bhaile féin ar feadh na tréimhse dá dtagraítear mar an tréimhse a shásaíonn an coinníoll maidir le 'cúram agus aird lánaimseartha'. Sa chás sin scrúdaigh sé an rud atá i gceist le 'lasmuigh den bhaile'. Chinn sé go gcaithfidh go gciallaíonn an baile atá i gceist anseo baile an té atá ag fáil an chúraim cuma má bhaineann an coinníoll le cúramóir cónaithe nó cúramóirí neamhchónaithe. Sa chás seo, cúramóir neamhchónaithe ab ea an t-achomharcóir arbh é a phost lánaimseartha cúram a thabhairt don té atá ag fáil an chúraim. Thug an tOifigeach Achomhairc dá aire gur oibríodh na huaireanta i gceist i mbaile an té a bhí ag fáil an chúraim, mar ab amhlaidh i gcás gach dualgas cúraim. Chinn sé, mar sin, nach raibh an t-achomharcóir fostaithe lasmuigh de bhaile an té a bhí ag fáil an chúraim ar feadh breis is cúig huaire an chloig déag sa tseachtain.

Cinneadh an Oifigigh Achomhairc: Ceadáítear an t-achomharc.

Cás 2012/18 – LLS (Forlíonadh Cíosa)

An cinneadh faoi achomharc: éileamh diúltaithe – cúis(eanna) tugtha:

Dícheadaíodh d'iarratas ar Fhorlíonadh Cíosa toisc go bhfuil do riachtanas tithíochta fadtéarmaí comhlíonta cheana féin, is é sin, tá baile agat sa Pholainn mar a bhfuil cónaí ar do bhean agus do mhac.

An Cúlra: Bhí an t-achomharcóir, ar náisiúnach Polannach é, fostaithe in Éirinn sa bhliain 2007. Chaill sé an post sin agus fuair sé Sochar Cuardaitheora Poist agus as sin amach, mar iar-oibrí AE, cháiligh sé don Fhorlíonadh Bunioncaim agus Cíosa faoin scéim Liúntas Leasa Forlíontaigh. D'athraigh sé a sheoladh dhá mhí dhéag ina dhiaidh sin agus diúltáíodh an Forlíonadh Cíosa dó ag a sheoladh nua, ar na

forais nach raibh an Duine Ainmnithe sásta gur chruthaigh sé riachtanas bailí tithíochta de réir riachtanais na reachtaíochta leasa shóisialaigh (I.R. 412 de 2007, Airteagal 9) toisc go raibh áit chónaithe agus cóiríocht aige sa Pholainn, mar a bhfuil bean agus mac aige i gcónaí. Íocadh an Liúntas Bunioncaim lesi go dtí go bhfuair sé post eile.

Ag an éisteacht ó bhéal: bhí ionadaí ó Crosscare ann chun tacú leis an achomharcóir agus bhí ateangaire i láthair chomh maith. Deimhníodh go raibh sé fostaithe in Éirinn ar feadh breis is 52 seachtain an uair a rinne sé an chéad iarratas ar an bhForlónadh Buniocaim agus Cíosa. Dúradh, más ea, go raibh sé de cheart aige, mar iar-oibrí AE, buntáiste sóisialta a bheith aige faoi fhorálacha Rialachán AE 1612/68.

Áitíodh, thar ceann an achomharcóra, go gciallódh diúltú Forlónadh Cíosa nach bhféadfadh duine i gcás an achomharcóra leas a bhaint as a cheart ar thacaíochtaí buntáiste sóisialta faoi Rialachán 1612/68 fad is a bhí cónaí orthu in Éirinn mar iar-oibrí AE a bhí ag lorg poist eile.

Ráiteas/Cinneadh: Rinne an tOifigeach Achomhairc tagairt don méid seo a leanas:

Ar Choincheap an bhuntáiste shóisialta dá dtagraítear in airteagal 7 (2) de Rialachán AE 1612/68, áirítear gach buntáiste, bíodh sé nasctha le Conradh fostaíochta nó ná bíodh, a dheonaítear d'oibríthe náisiúnta go príomha de bhun a stádas oibiachtúil mar oibríthe nó de bhun iad a bheith ina gcónaí ar an gcríoch náisiúnta agus mar ar cosúil gurb oiriúnach é a leathnú chuig oibríthe ar náisiúnaigh iad de bhallstáit eile chun a soghluaisteacht laistigh den chomhphobal a éascú.

- Cúirt Breithiúnais na hEorpa c 315/95
ECR 1 - 1417 Peter de Vos v. Stadt
Bielefeld

Thug sé dá aire gur dúradh i gCúirt Breithiúnais na hEorpa gurb iad na critéir ar a mbunófaí an bhfuil an teideal céanna ar bhuntáistí sóisialta ag oibríthe eachtrannacha agus atá ag oibríthe intíre, a chónaitheacht sa chríoch agus oiriúnacht

na mbuntáistí chun tacú le soghluaisteacht laistigh den Chomhphobal.

Tar éis na ceisteanna agus na cúinsí sa chás seo a scrúdú, chinn an tOifigeach Achomhairc i gcás go bhfuil teidlíocht ag duine ar thacaíochtaí buntáiste sóisialta faoi Rialachán AE 1612/68 le cois buníocaíochtaí an Liúntais Leasa Forlíoantaigh, nach mór don teidlíocht sin cumhdach le haghaidh costais chóiríochta a bheith ar áireamh ann – murach sin, ní bheadh ar chumas an duine fanacht sa tír chun leanúint de phost a lorg, arb é sin cuspóir na dtacaíochtaí buntáiste sóisialta sa chéad áit. Mheas sé nár cheart go gciallódh úinéireacht nó teacht ar chóiríocht lasmuigh d'Éirinn i dtír dhúchais AE an duine, mar a bhfuil clann leis nó léi ina cónaí, nach mbeadh iar-oibrí cáilithe AE cáilithe chun Forlónadh Cíosa a fháil laistigh de chreat na dtacaíochtaí buntáiste sóisialta a samhlaíodh faoi Rialachán 1612/68. Dá réir sin chinn sé gur ceadaíodh an t-achomharc le héifeacht ó dháta an iarratais ar Fhorlónadh Cíosa ag an dara seoladh, agus go gcinntí ráta agus fad an Fhorlíoanta Cíosa tar éis athbhreithniú ar chúinsí an achomharcóra, ag féachaint do staid an teaghlaigh, dá mhaoin agus dá fhostaíocht atosaithe.

Cinneadh an Oifigh Achomhairc: Ceadaítear an t-achomharc le héifeacht ó thús a thionóntachta ag [seoladh sonraithe]. Cinnfear an ráta íocaíochta agus tréimhse na teidlíochta faoi threoir gach toisc eile a rialaíonn teidlíocht ar an bhForlónadh Cíosa.

Nóta ar an gcúis/na cúiseanna leis an gcinneadh: Mar iar-oibrí imirceach AE in Éirinn, bhí teidlíocht ag an achomharcóir ar thacaíochtaí buntáiste sóisialta áirithe sa Stát faoi fhorálacha Rialachán 1612/68 AE. I gcás mar sin, ní mheasaim gur féidir breathnú ar infhaighteacht nó úinéireacht cóiríochta i dtír dhúchais an duine i Stát eile laistigh den Aontas Eorpach (mar ab amhlaidh sa chás seo) mar chóiríocht a chomhlíonann riachtanais chóiríochta an duine faoi mar a fhorordaítear ar mhaithe le teidlíocht ar Fhorlónadh Cíosa de bhun I. R. 412 de 2007, Airteagal 9.

Chun gur féidir leis an achomharcóir leas a bhaint as an teidlíocht sin ar bhuntáiste sóisialta, measaim go gcaithfidh na buntáistí sóisialta agus na tacaíochtaí i gceist soláthar a dhéanamh do cheist bhunúsach na gcostas cóiríochta ós rud é nach féidir le duine leas a bhaint as na teidlíochtaí sin dá éagmais. Tar éis cúinsí an cháis a bhreithniú, lena n-áirítear an fhianaise a cuireadh i láthair ag an éisteacht ó bhéal, cinnim go gceadaítear an t-achomharc seo, faoi mar atá leagtha amach thuas.

Cás 2012/19 – Liúntas Leasa Forlíontaigh (Bunioncam)

An cinneadh faoi achomharc: éileamh diúltaithe – cúis(eanna) tugtha:

Diúltaíodh d'iarratas ar chúnamh faoin mBunscéim Liúntas Leasa Forlíontaigh ar an gcúis/ar na cúiseanna seo a leanas: ní gnáthchónaitheoir é an t-iarratasóir.

An Cúlra: Mhair an t-achomharcóir in Éirinn le ceathrar páistí spleácha ar feadh seacht mbliana déag nó mar sin, agus d'fhill ar an Ríocht Aontaithe (RA) chun cóir leighis a lorg. D'fhill sí ar Éirinn sa bhliain 2011 le cónaí leis an iníon is sine aici. Bhíodh sí ag fáil an Liúntais Mhíchumais cheana agus rinne sí athéileamh ar theacht ar ais di. Rinne sí iarratas ar an Liúntas Leasa Forlíontach (Bunioncam) mar íocaíocht eatramhach agus measadh nach raibh gnáthchónaí uirthi sa tír ar na forais seo: ní raibh stair fostaíochta aici, chaith sí tréimhse fhada thar lear, ní raibh cóiríocht bhuan ná maoin aici in Éirinn.

Ag an éisteacht ó bhéal: dúirt an t-achomharcóir go ndearnadh imscrúdú ailse uirthi sa bhliain 1998 agus imscrúdú breoiteachta eile, a d'fhág traochta í agus pian mhór uirthi. Rinneadh tástálacha cuimsitheacha uirthi ach ní bhfuarthas rud ar bith cearr léi.

Tar éis agallamh raidió a chloisteáil le fear a raibh comharthaí den sórt céanna air agus ar leigheas comhairleach sa RA é, chuaigh sí chuig a dochtúir féin a mhol di coinne a dhéanamh leis an gcomhairleach céanna. Rinneadh fáthmheas fibríomailge uirthi agus ag an uair sin ní raibh speisialtóir don riocht sin in Éirinn. Dúirt sí gur

thóg sé sé bliana a riocht a chobhsú agus d'fhan sí sa RA le linn an ama sin ag maireachtáil ar íocaíocht tacaíochta míchumais. Bhí sí in ann staidéar a dhéanamh ansin agus bhain sí amach céim ollscoile leis an Open University.

Dúirt an t-achomharcóir go ndeachaigh a riocht sláinte in olcas agus gurbh éigean di cathaoir rotha a úsáid an t-am ar fad. Bhí cathaoir leictreach aici a chuir ar a cumas taisteal ina haonar ach bhí sí ag éirí níos leochailí an t-am ar fad agus thit sí cúpla uair agus í ina haonar. Mhol a hiníon di filleadh ar Éirinn mar a bhféadfadh sí cabhrú léi. Dúirt sí gur fhill sí ag súil le hobair a dhéanamh ina réimse féin ach níor chuir sí isteach ar phost ar bith fós mar gur bhraith sí go gcaithfeadh sí a bonn a chur fúithi féin arís sa tír seo agus ní fhéadfadh sí sin a dhéanamh gan tacaíocht éigin ón Stát. Ach dúirt sí go raibh a staid níos éiginnte ná riamh ó d'ordaigh a hiníon amach as an teach í. Dúirt sí go bhfuil fadhbanna meabhairshláinte ag a hiníon agus nach raibh de rogha aici féin ach bogadh isteach i dteach carad go sealadach. Dúirt sí go raibh sí ag cuardach deiseanna chun dul i mbun féin-fhostaíochta agus go raibh iníon a mic sásta cabhrú léi dá mba ghá di taisteal a dhéanamh i gcárr.

Maidir lena cónaitheacht, dúirt an t-achomharcóir gur chónaigh sí i gcóiríocht phríobháideach ar chíos sa RA agus gur ghéill sí an tionóntacht sin nuair a d'fhill sí ar Éirinn, go raibh triúr dá páistí agus a bpáistí siúd ina gcónaí in Éirinn, agus nach raibh aon cheangal teaghlaigh aici leis an RA níos mó. Dúirt sí gur íoc sí mac carad chun a raibh aici sa RA a thabhairt go hÉirinn agus nach raibh rud ar bith aici anois sa RA.

Ar deireadh, dúirt an t-achomharcóir nach raibh i gceist aici an tír a fhágáil fad a bhí sí anseo roimh 1999 ach nach raibh de rogha aici ach dul go dtí an RA toisc nach raibh aon chóir leighis ar fáil di in Éirinn. Dúirt sí nach raibh aon slí aici le filleadh ar an RA, fiú dá dteastódh sé sin uaithe.

Ráiteas/Cinneadh: Thug an tOifigeach Achomhairc dá aire gur braitheadh go mór sa chinneadh an t-éileamh seo a dhiúltú ar na fíricí nach raibh stair fostaíochta ag an achomharcóir sa Stát, gur chaith sí formhór a saoil lasmuigh

den Stát, agus gur fhill sí ar Éirinn gan airgead ná cóiríocht bhuan. Mheas an tOifigeach Achomhairc cé go bhféadfaí a rá go raibh ionad leasa aici sa RA tráth, mheas sí anois, i bhfianaise na gcúiseanna le filleadh an achomharcóra ar Éirinn agus a hiarrachtaí chun obair a fháil ina réimse saineolais agus a muintir ar fad a bheith ina gcónaí anseo, go bhféadfaí féachaint ar an achomharcóir mar dhuine a raibh gnáthchónaí uirthi anseo ar mhaithe le cáiliú don Liúntas Leasa Forlíontach i gcás gur comhlíonadh gach coinníoll cáilithe eile.

Cinneadh an Oifigh Achomhairc: Ceadaítear an t-achomharc ó dháta an iarratais.

Nóta ar an gcúis/na cúiseanna leis an gcinneadh: Táim sásta go bhfuil ionad leasa bunaithe ag an achomharcóir sa Stát ó d'fhill sí anseo agus gur féidir féachaint uirthi mar dhuine a bhfuil gnáthchónaí uirthi ó dháta an iarratais.

Cás 2012/20 – LLS (Forlíonadh Cíosa)

An cinneadh faoi achomharc: éileamh diúltaithe – cúis(eanna) tugtha:

Diúltaítear d'iarratas ar an gcúis seo a leanas:

Níor sholáthair tú fianaise go bhféachann an t-údarás tithíochta ort mar dhuine a bhfuil riachtanas tithíochta aige, de réir Alt 9 den Acht Tithíochta, 1999. **An Bonn reachtach:** An tAcht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh, 2005, Alt 198 3F (a).

An Cúlra: Tá ochtar clainne ar an achomharcóir, a bhfuil beirt díobh ina gcónaí le ball eile den teaghlach faoi ordú cúraim. Dhíol sí a teach sa bhliain 2009 agus bhog isteach i gcóiríocht phríobháideach ar chíos. Ní chuirfeadh an t-údarás áitiúil ainm an teaghlaigh ar an liosta tithíochta mar gur measadh gur fhágadar iad féin gan dídean nuair a dhíol siad an teach.

Ag an éisteacht ó bhéal: bhí an t-achomharcóir i láthair, mar aon le rúnaí a Teachta Dála áitiúil agus tacadóir ó Novas Initiatives (NI). Mhínigh an t-achomharcóir gur cheannaigh sí a teach óna huncail ar €20,000. Dúirt sí nach gcónaíonn an páiste is sine aici léi agus go bhfuil siad

coimhthithe ó chéile, tá páiste eile aici a bhfuil riocht sláinte annamh aici agus go mbíonn sí breoite agus san ospidéal go minic. Rinne an t-achomharcóir cur síos ar imeachtaí nár mheas an tOifigeach Achomhairc gurbh fhiú a thairfeadh ach bhí sí sásta go raibh na húdarais chuí – na Gardaí, an t-údarás áitiúil agus an tseirbhís leasa pobail – ar an eolas agus gur chreid siad na scéalta faoin iompar frithshóisialta a d'fhulaing an t-achomharcóir agus a teaghlach. Dúirt sí go raibh deacrachtaí ag an teaghlach, go ndearna a fear chéile agus a hiníon iarracht lámh a chur ina mbásanna féin, duine amháin roinnt míonna i ndiaidh an duine eile.

Thug tacadóir NI srac-chuntas ar thaithí an achomharcóra ar mhí-úsáid ina blianta luatha agus ar an bhforéigean teaghlaigh a d'fhulaing sí mar dhuine fásta. Dúirt sí gur cheannaigh sí an teach i dtrácht tar éis cúiteamh a fháil tar éis timpiste, ag ceapadh go dtabharfadh sé áit chónaithe bhuan dá teaghlach. Ach rinne daoine sa cheantar tréaniarracht an teaghlaigh a chur amach as an teach. Díoladh an teach leis an údarás áitiúil agus tugadh an t-airgead do dhaoine ar líomhnaíodh fúthu gur chuir siad an teaghlach faoi bhagairt. Dúradh nach raibh de rogha ag an achomharcóir ach dul isteach i gcóiríocht phríobháideach, toisc nach gcuirfeadh an t-údarás áitiúil a hainm ar an liosta tithíochta, á rá gur fhág an teaghlach iad féin gan dídean. Bhí an cinneadh gan ainm an teaghlaigh a chur ar an liosta tithíochta faoi achomharc chuig an údarás áitiúil tráth na héisteachta ó bhéal.

Dúirt tacadóir NI go raibh an teaghlach beo bocht, toisc go raibh orthu an cíos a íoc gach mí as íocaíochtaí leasa shóisialaigh; dúirt sí gur thuairiscigh oibríthe sóisialta a bhí ag obair leis an teaghlach nach mbíodh bia ná teas sa teach. Dúirt sí gur minic a bhíonn na páistí as láthair ón scoil toisc nach bhfuil bróga ná éadaí leordhóthanacha acu.

Ráiteas/Cinneadh: Thug an tOifigeach Achomhairc dá aire gur dhealraigh an t-achomharcóir a bheith go mór faoi strus. Dúirt sí gur achomharc eisceachtúil amach is amach a bhí ann mar a raibh an teaghlach buailte le mífheidhmiú, tráma agus breoiteacht fhadtéarmach. Bhí an t-achomharcóir thar a bheith leochaileach de bharr mí-úsáid, foréigin

agus imeaglú i dteannta a chéile agus bhí sí ag iarraidh a teaghlach a choimeád d'ainneoin fadhbanna meabhairshláinte agus dearbh-bhochtaineacht. Thug sí dá aire nach raibh aon fhianaise dhoiciméadach ann, den chuid is mó, chun tacú leis na héilimh a bhí déanta ag an achomharcóir, ach ba leor an fhianaise ó bhéal a tugadh ag an éisteacht chun a áitiú uirthi gur cás eisceachtúil a bhí ann agus dúirt sí go raibh cúis doshéanta ann chun cúnaimh a sholáthar i leith an chíos.

Thagair an tOifigeach Achomhairc don chinneadh bunaidh, a bhí bunaithe ar an bhforáil reachtach go gcaithfidh éilitheoir a bheith measta ag an údarás áitiúil mar dhuine a bhfuil riachtanas tithíochta aici. Níor shásaigh an t-achomharcóir an coinníoll sin sa chás seo. Thug an tOifigeach Achomhairc dá aire, más ea, go bhfuil foráil sa reachtaíocht trínar féidir forlíonadh a íoc i gcás ina ndealraíonn sé gur gá. Chinn sí gur léir gur shásaigh an cás seo coinníollacha na heisceachta sin.

Cinneadh an Oifigh Achomhairc: Ceadaítear an t-achomharc.

Nóta ar an gcúis/na cúiseanna leis an gcinneadh: Táim sásta gur léirigh an t-achomharcóir cúinsí eisceachtúla sa chás seo agus táim ag gairm ar Airteagal 38(1) d'I.R. 412 de 2007 agus ag bronnadh cúnaimh i leith cíosa ó dháta an iarratais [dáta sonraíthe].

Cás 2012/21 – LLS (Forlíonadh Cíos)

(Go hachomair)

An cinneadh faoi achomharc: éileamh diúltaithe – cúis(eanna) tugtha:

Diúltaíodh d'iarratas ar chúnamh faoin Scéim Liúntas Leasa Forlíontaigh ar an gcúis/ar na cúiseanna seo a leanas:

An té atá i dteideal go tairbheach leis an cíos is iníoctha faoin tionóntacht a fháil, ní ceadaítear gur eagraíocht é a sholáthraíonn seirbhísí thar ceann an Fheidhmeannais nó coimhdeach leis, ag úsáid foireann cúraim chónaithe a fhaigheann fóirdheontas ón Aire Sláinte & Leanaí i dtaca leis an éilitheoir. De réir Chuid 3, Airteagal (9) (2) (h) (ii) d'Ionstraim Reachtuil 41 de 2007.

An Cúlra: Rinne an t-achomharcóir, atá faoi mhíchumas intleachta, iarratas ar Liúntas Leasa Forlíontach (Forlíonadh Cíos) i leith a cóiríochta i gcumann deonach tithíochta mar a raibh maoiniú á chur ar fáil faoi mar ba ghá ag foireann cúraim. Dícheadaíodh an t-iarratas sin, faoi mar a thuairiscítear thuas, agus achomharcadh an cinneadh.

Ráiteas/Cinneadh: Agus an t-achomharc sa chás seo á mheasúnú, thug an tOifigeach Achomhairc dá aire nach gcuireann Feidhmeannach na Seirbhíse Sláinte (FSS) cúram cónaithe ná cóiríocht ar fáil go huathoibríoch níos mó do chustaiméirí dá cuid atá faoi mhíchumas intleachta (seachas iad siúd atá faoi mhíchumas trom); is é an beartas agus an cleachtas le tamall anois ná cóiríocht neamhspleách ar chíos a sholáthair do dhaoine dá sórt, le tacaíocht agus maoirseacht ó fhoireann cúraim, de réir mar is gá. Thug sé dá aire gurb iad na húnéirí/bainisteoirí tithíochta a earcaíonn an fhoireann cúraim sin agus gurb é an FSS a íocann í, a choimeádann an fhreagracht as cúram ns gcónaitheoirí ach ní as an gcóiríocht féin, mar is amhlaidh i gcás na ndaoine sin a chónaíonn i gcúram cónaitheach iomlán, ar nós na n-ionad cónaithe faoi úinéireacht nó faoi bhainistíocht Theach Mhichíl, Siúracha na Carthanachta agus mar sin de.

I dtaca le méid an fhorlíonta is iníoctha, thagair an tOifigeach Achomhairc don reachtaíocht rialaithe, mar seo a leanas:

I.R. 412 de 2007, Airteagal 13 – Méid an fhorlíonta i gcásanna áirithe:

I gcás an éilitheora a bhfuil a thionóntacht le foras formheasta atá ag fáil cúnaimh faoin scéim an chúnamh chaipitil dá dtagraítear in Airteagal 9 (2) (i), beidh an forlíonadh uasta is iníoctha faoi Chuid 3 de na Rialacháin sin –

(a) €60.00, i gcás ar bith mar ar céile, páirtneir sibhialta nó comhchónaitheoir é an t-éilitheoir, agus

(b) €55.00, in aon chás eile

Cinneadh an Oifigigh Achomhairc An

cinneadh a ceadaíodh go páirteach maidir le teidlíocht ar Fhorlíonadh Cíos a leith a cónaitheacht le Cumann Deonach Tithíochta [ainmnithe] ag [seoladh sonraíthe].

Nóta ar an gcúis/na cúiseanna leis an

gcinneadh: Déantar breithiúnas ar achomhairc chuig an Oifig Achomhairc Leasa Shóisialaigh ar bhonn na fianaise doiciméadaí a sholáthraítear, nó ar shlí eile tar éis éisteacht ó bhéal ar an gcás, a dheonaítear faoi lánrogha an Oifigigh Achomhairc. Tar éis an cás seo a scrúdú go cúramach, más ea, cinnim nach bhfuil gá le héisteacht ó bhéal, agus tháinig mé ar an gcinneadh sin ar bhonn gach fianaise agus eolais atá ar fáil maidir le staid an achomharcóra.

Cuireann an reachtaíocht leasa shóisialaigh bonn ar fáil chun teidlíocht ar Fhorlíonadh Cíos a chinneadh. Foráiltear in Airteagal 9 (2) (h) (iii) de I.R. 412 de 2007: go mbeidh sé ina choinníoll d'aon teidlíocht ar fhorlíonadh ciosa nach foras a sholáthraíonn seirbhísí thar ceann na Feidhmeannachta, seirbhísí atá comhchosúil le seirbhísí na Feidhmeannachta ná coimhdeach leo, atá sa té atá i dteideal go tairbheach chun forlíonadh cíos a fháil faoin tionóntacht, seirbhísí a sholáthraítear le foireann cúraim chónaithe agus a fhaigheann fóirdheontas ón Aire Leanaí agus Páistí i leith an éilitheora.

I bhfianaise na forála reachtaí réamhráite, scrúdaigh mé na cúinsí agus sonraí chóiríocht láithreach an achomharcóra leis an gCumann Tithíochta [ainmnithe] go cúramach, laistigh de chomhthéacs na seirbhísí a sholáthraíonn Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) sa cheantar seo.

Tar éis dom é sin a dhéanamh, measaim cé go bhfuil cuid de na seirbhísí a sholáthraíonn an Cumann Tithíochta [ainmnithe] 'comhchosúil nó coimhdeach' leo siúd a sholáthraíonn an Fheidhmeannacht (FSE), nach dtagann soláthar cóiríochta faoi threoir an tsainordaithe sin i bhfianaise bheartas reatha FSS agus na béime ar shocruithe cónaithe leath-neamhspleách agus pobalbhunaithe do chustaiméirí i gcúinsí atá cosúil le cúinsí an achomharcóra.

Ar na forais sin, cinnim go bhfuil forálacha Airteagal 13 Cuid 3 de I.R. 412 de 2007 níos oiriúnaí do chúinsí an achomharcóra ná forálacha Airteagal 9 (2) (h) (iii), agus ar na forais sin cinnim, faoi réir na gcoinníollacha rialaithe, go bhféadfadh sé go bhfuil teidlíocht ar Fhorlíonadh Cíos sa chás seo, suas go dtí €55.00 sa tseachtain de theorainn fhorordaithe. Ar na forais sin, ceadaítear an t-éileamh go páirteach.

Cás 2012/22 - Pinsean Marthanóra (Ranníocach)

An cinneadh faoi achomharc: teidlíocht leasaithe agus ró-íocaíocht measúnaithe – an chúis/na cúiseanna a tugadh:

Déanaim cinneadh de réir tuarascáil a fuarthas ón gCigire Leasa Shóisialaigh, inar dhúirt sé go raibh [duine ainmnithe] i gcomhchónaí leat le 20 bliain anuas, sula ndearna tú iarratas ar Phinsean Baintrí. Dá réir sin, cinnim nach bhfuil aon teidlíocht agat ar an bPinsean Baintrí Ranníocach agus curim ar ceal an teidlíocht sin ó do dháta bronnta.

Rinneadh an cinneadh sin de réir Alt 302 (a) den Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh, 2005, ar na forais gur choimeád tú fíric ábhartha faoi cheilt go toiliúil ón Roinn. Measúnaíodh ró-íocaíocht de thoradh an chinnidh sin. Sa chás seo, tá i gceist ag an Roinn an ró-íocaíocht iomlán a aisghabháil. Beidh ár Rannóg Bainistíocht Fiacha i dteagmháil leat go gairid faoin tslí leis an ró-íocaíocht sin a aisíoc.

Ró-íocaíocht measúnaithe: €73,300.

An Cúlra: Rinne an t-achomharcóir iarratas ar Phinsean Baintrí (Ranníocach) sa bhliain 2001 tar éis bhás a fir chéile. D'imscrúdaigh Cigire Leasa Shóisialaigh an cás agus go gairid ina dhiaidh sin d'aistarraing an t-achomharcóir a héileamh agus shínigh ráiteas á rá sin, mar a thaifead an Cigire ag an am sin. Níor tugadh aon chúis fhoirmiúil leis an aistarraingt. Eisíodh litir don achomharcóir inar dúradh nach ndéanfaí aon bheart eile ós rud nár theastaigh uathí leanúint leis an éileamh. Níos déanaí an mhí

sin, más ea, chinn Oifigeach Breithiúnachta go raibh an t-achomharcóir i dteideal Pinsean Baintrí (Ranníocach) bunaithe ar ranníocaíochtaí ÁSPC a fir chéile nach maireann agus eisíodh litir don achomharcóir ag tabhairt dáta bronnta an phinsin sin di.

Ag an am sin bhí an t-achomharcóir ag fáil Cúnamh Dífhostaíochta ó Oifig Áitiúil Leasa Shóisialaigh [ainmnithe]. Sa bhliain 2009 rinne an té atá a ainmníodh sa chinneadh ró-íocaíochta iarratas ar Liúntas Cuardaitheora Poist ag an oifig sin agus dúirt gurb é an t-achomharcóir a pháirtneir agus go raibh sí ag fáil Pinsean Baintrí. Dúirt sé go raibh siad i gcomhchónaí le 20 bliain anuas. Chuir an Roinn Coimirce Sóisialaí tús le himscrúdú ar chúinsí an achomharcóra. Ar deireadh cinneadh nach raibh sí i dteideal Pinsean Baintrí Ranníocach le héifeacht ó dháta sa bhliain 2000. Dá bhrí sin, measúnaíodh €73,300 de ró-íocaíocht.

Rinneadh an cinneadh leasaithe faoi Alt 302 (a) den Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh, 2005, ina dtagraítear d'fhíric a cheilt go toiliúil – a léirmhínítear anseo mar fhaillí i gcur in iúl don Roinn go rabhthas ag comhchónaí leis an duine ainmnithe ar feadh 20 bliain.

Ag an éisteacht ó bhéal: bhí an t-achomharcóir i láthair mar aon le hoibrí dailcheantair a Teachta Dála áitiúil. Bhí an tOifigeach Breithiúnachta i láthair ar iarratas an Oifigh Achomhairc. Léigh sí an cinneadh agus thug srac-chuntas de stair an cháis, ag tagairt do thuarascáil an Chigire Leasa Shóisialaigh agus do litreacha den cheartas nádúrtha a eisíodh don achomharcóir ag tabhairt cuiridh di ráiteas a dhéanamh sula ndéanfaí cinneadh. Maidir leis an ró-íocaíocht, dúirt sí gur bronnadh Pinsean Stáit (Neamhranníocach) ar an achomharcóir le héifeacht óna 66ú breithlá agus laghdaigh sin a ró-íocaíocht go €50,500. Dheimhnigh sí gur measadh an duine ainmnithe a bheith ina dhuine fásta cleithiúnach ar phinsean an achomharcóra.

Thug an t-achomharcóir cúlra lena caidreamh leis an duine ainmnithe. Ghlac sí leis go raibh siad ag comhchónaí sa tréimhse i gceist. Dúirt sí gur chuir Cigire Leasa Shóisialaigh faoi agallamh í sa bhliain 2001 maidir lena hiarratas ar Phinsean Baintrí (Neamhranníocach), agus gur

inis sí don chigire go raibh sí ag comhchónaí agus gurb é sin an chúis gur aistarraing sí a héileamh dá éis. Dúirt sí go raibh sí ag fáil Cúnamh Dífhostaíochta an tráth a rinne sí an t-iarratas ar an bPinsean Baintrí agus nuair a fuair sí a leabhar pinsin ón Roinn, chuir sí deireadh leis an éileamh sin. Dúirt sí, leis, gur ghlac sí an íocaíocht de mheon macánta ar an mbonn gur aistarraing sí a héileamh ar phinsean neamhranníocach agus nach ndearna sí iarratas ar phinsean ranníocach.

Thar ceann an achomharcóra, d'fhiafraigh a thacadóir an ndearnadh iarratas riamh ar phinsean ranníocach agus má rinneadh, an raibh foirm iarratais ann. Dúirt sí go raibh an t-achomharcóir go mór trí chéile tar éis scéala na ró-íocaíochta a fháil, agus níor thuig sí i bhfírinne an chúis nach raibh sí i dteideal Pinsean Baintrí (Ranníocach). Dúirt an t-achomharcóir nárbh é a hintinn calaois a dhéanamh ar an Stát.

Tar éis an t-iarratas a phlé go ginearálta, ghlac an tOifigeach Breithiúnachta leis nach ndearnadh éileamh ar Phinsean Baintrí (Ranníocach) ach dúirt nár léir an chúis ar aistarraingíodh an Pinsean Baintrí (Neamhranníocach). Dúirt sí, i gcás ar bith, go mbeadh bileog faighte ag an achomharcóir mar gheall ar na coinníollacha chun an íocaíocht a fháil in éineacht le litir bhronnta an phinsin ranníocaigh. Ghlac sí leis nár athbhreithníodh an cás tar éis an pinsean a bhronnadh agus d'admhaigh gurbh é athrú seoladh an achomharcóra ab údar don aon teagmháil a tharla idir an t-achomharcóir agus an Roinn

Ráiteas/Cinneadh: Agus an fhianaise dhoiciméadach á hathbhreithniú, thug an tOifigeach Achomhairc dá aire gur dhearbhaigh an t-achomharcóir ar a foirm iarratais ar an bPinsean Baintrí, go raibh íocaíocht Cúnaimh Fostaíochta á fháil aici agus go raibh sí scartha óna fear chéile le roinnt blianta sular bhásaigh sé. Thug sé dá aire, leis, nár thug an Cigire Leasa Shóisialaigh cúis chruinn le haistarraingt an éilimh, ach bhí nóta ar an gcomhad ag tabhairt ainm agus aois an té a bhí ag comhchónaí leis an achomharcóir.

Thug an tOifigeach Achomhairc dá aire gur éiligh an t-achomharcóir Pinsean Baintrí

(Neamhranníocach) agus gur aistarraing sí an t-éileamh sin ar an mbonn go raibh sí ag comhchónaí leis an duine ainmnithe, tar éis don Chigire Leasa Shóisialaigh í a chur faoi agallamh. Cé nár luadh é sin go sonrath san fhógra aistarraingthe a scríobh an Cigire agus a shínigh an t-achomharcóir, bhí sé sásta, ar shlí ar bith, gurb amhlaidh, ón fhianaise a thug sí ag an éisteacht agus ón nóta a scríobh an Cigire ar a comhad ag an am. Thug sé dá aire, leis, gur léir nach ndearna an t-achomharcóir iarratas ar Phinsean Baintrí Ranníocach agus nach bhfuil aon rogha chun é sin a dhéanamh ar an bhfoirm éilimh maidir leis an bPinsean Baintrí Neamhranníocach.

Ghlac sé leis nach raibh aon teidlíocht ag an achomharcóir ar Phinsean Baintrí (Ranníocach) sa chás seo, bunaithe ar chomhchónaí leis an duine ainmnithe, ach mheas sé gur cinneadh neamshábháilte ab ea an cinneadh leasú a dhéanamh ar an gcéad chinneadh trí Alt 302 (a) den Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh, 2005 a úsáid – fíric ábhartha a cheilt go toiliúil, go héifeachtach – nuair a chuirtear san áireamh nach ndearna sí iarratas ar an íocaíocht ar an gcéad dul síos agus nach seasfadh sé seo faoi iniúchadh. Chinn sé, le tagairt d'Alt 302 (c) den Acht, go dtiocfadh an cinneadh chun an Pinsean Baintrí Ranníocach a dhícheadú i bhfeidhm ó dháta eile [sonraithe], arb ionann é agus dáta 66ú breithlá an achomharcóra, ós rud é gur bronnadh Pinsean Stáit (Neamhranníocach) uirthi tar éis an dáta sin.

Cinneadh an Oifigigh Achomhairc: Ceadaítear an t-achomharc

Nóta ar an gcúis/na cúiseanna leis an gcinneadh: Tar éis an fhianaise ar fad ar comhad agus an fhianaise a tugadh ag an éisteacht ó bhéal a mheas, táim sásta nach

ndearnadh iarracht sa chás seo fíricí ábhartha a cheilt go toiliúil. Sna cúinsí sin, táim ag ceadú an achomhairc faoi Alt 302 (a) den Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh, 2005 agus ba cheart an cinneadh chun a Pinsean Baintrí Ranníocach a scor teacht i bhfeidhm ó [dáta sonraithe] arb é sin dáta a 66ú breith-lá ós rud é go bhfuil Pinsean Stáit (Neamhranníocach) bronnata uirthi anois, a thagann i bhfeidhm tar éis an dáta sin. Dá bhrí sin ceadaítear an t-achomharc.

Cairt Eagraíochta na hOifige Achomhairc Leasa

